An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

# An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

# RIALACHA MAIDIR LE CLÁR ECCE

**Bailí do Chlárbhliain 2021/22**

**Leagan 3**

Tabhair faoi deara gur féidir go ndéanfar athruithe ar an bhfaisnéis sna Rialacha seo

## Clár na nÁbhar


Réamhrá ....5

Caibidil 1 Oibleagáidí Soláthraí Seirbhíse ....6

1.1 Oibleagáidí Soláthraí Seirbhíse ....6

1.2 Stádas Soláthraí Seirbhíse....6

1.3 Clárú Tusla ....6

1.4 Díchlárú le Tusla....7

1.5 Uimhir Thagartha Seirbhíse ....7

1.6 Athrú ar Chúinsí Soláthraí Seirbhíse ....8

1.7 Dúnadh Seirbhíse....8

1.8 Cáilíochtaí Foirne ....8

1.9 Eolas Teagmhála ....9

1.10 Comhaontú Cistithe....9

1.11 An Liosta Táillí agus an Féilire Seirbhíse a Chlárú....9

Caibidil 2: Liosta Táillí ....9

2.1 Oibleagáidí Soláthraí Seirbhíse ....9

2.2 Riachtanas chun ECCE a sholáthar Saor in Aisce ....9

2.3 30 Nóiméad Breise de Sheirbhís Sheisiúnach Amháin ....10

2.4 Am Breise i Seirbhís Lánaimseartha nó Pháirtaimseartha....10

2.5 Leanaí Cláraithe a Easáitiú....10

2.6 Éarlaisí Áirithinte ECCE ....10

2.7 Roghanna Breise....10

2.8 Litir Eolais faoi Tháillí Seirbhíse ....11

2.9 Athruithe ar Tháillí....11

2.10 Riachtanas Taispeána Cáipéisí....11

2.11 Riachtanas Comhdaithe Cáipéisí ....12

2.12 Seiceálacha CCC....12

Caibidil 3: Féilire Seirbhíse....12

3.1 Riachtanas Féilire Seirbhíse....12

3.1.2 Seachtainí/Laethanta Íosta Oscailte Féilire sa Chlárbhliain....12

3.1.3 Seachtainí Íosta Oscailte sa Téarma ....12

3.2 Seachtain Neamhíocaíochta ....12

3.3 Riachtanas Taispeána Cáipéisí....12

3.4 Athruithe ar Fhéilirí Seirbhíse....13

Caibidil 4: Léargas Ginearálta ar ECCE....13

4.1 Caighdeán Oideachas Luathbhlianta ....13
4.2 Cáilitheacht do ECCE ....14
4.3 Rialacha Chlár ECCE ....14
2015 18/19 ....14
2016 19/20 ....14
Tábla 1: Cáilitheacht do ECCE de réir Mhí na Breithe ....14
Caibidil 5 Cáilíochtaí Foirne/Caipitíocht Níos Airde ....16
5.1 Oibleagáidí Soláthraí Seirbhíse ELC ....16
5.2 Cáilíochtaí a Aithint do ECCE ....16
5.3 Caipitíocht Níos Airde ....16
5.4 Caipitíocht Níos Airde Choibhéise Lánaimseartha (FTE) ....17
5.5 Cáilitheacht do Chaipitíocht Níos Airde ....17
5.6 Ráta agus Táillí Caipitíochta níos Airde ....18
5.7 Ceannaire Seomra Caipitíochta Níos Airde – Taithí Oibre Trí Bliana ....18
5.8 Cur Isteach ar Chaipitíocht Níos Airde ....18
5.9 Leasuithe ar Chaipitíocht Níos Airde ....18
5.10 Cáilíochtaí agus Caipitíocht Níos Airde ....18
5.11 Caipitíocht Níos Airde a Chomhlíonadh ....19
5.12 Asláithreacht Foirne ....19
Caibidil 6 Leanbh a iontráil ar Chlár ECCE ....19
6.1 Comhaontú ar Fhreastal agus Tairiscint na Seirbhíse ....19
6.2 Cathain Leanbh a Chlárú ....20
6.3 An Dáta is Déanaí chun Clárú a dhéanamh ....20
6.4 Clárú Déanach ....20
6.5 Neamhfhreastal Linbh ón Dáta Tosaithe ....20
Caibidil 7: Freastal ....20
7.1 Neamhfhreastal ....20
7.2 Cúinsí Speisialta ....20
7.3 Laghdú ar Fhreastal agus an *Hive* Luathbhlianta a Nuashonrú ....21
7.4 Gannfhreastal Seasmhach ....21
7.5 Imeacht ón tSeirbhís ....22
7.6 Eisceacht le Riail na Tréimhse Fógra Ceithre Seachtaine ....22
Caibidil 8: Taifid a Choimeád ....22
8.1 Oibleagáidí Soláthraí Seirbhíse ....22
8.2 Riachtanas chun Taifid Freastail a Choimeád ....22

8.3 Teip ar Thaifid Chuí Freastail a Choimeád ....................23
Caibidil 9: Comhlíonadh ....................23
9.1 Freagracht Soláthraí Seirbhíse ....................24
9.2 Cuairteanna Comhlíonta ....................24
Caibidil 10: Force Majeure ....................25
10.1 Force Majeure agus Cistiú ....................25
10.3 Teagmhas Force Majeure a Thabhairt le Fios ....................25
10.4 Spriocdháta an Phróisis Éilimh Force Majeure ....................25
Caibidil 11: Feighlithe Leanaí ....................25
11.1 Sainmhíniú ar Fheighlí Leanaí ....................25
11.2 Feighlithe Leanaí agus Clárú Tusla ....................26
Caibidil 12: Riachtanais Airgeadais ....................26
Caibidil 13: Ceisteanna Coitianta faoi Chlár ECCE ....................27
13.9 Cad a tharlaíonn má bhíonn Ceannaire Seomra Leibhéal 7 as láthair mar gheall ar Bhreoiteacht nó ar Saoire Bhliantúil? ....................28
13.10 Asláithreacht Fhada Foirne ....................28
Aguisín 1 Cáipéis Roghanna Breise ....................30
Treoir maidir le Roghanna Breise ECCE 21/22 ....................30
Aguisín 2 ....................32
Treoir Dhea-Chleachtais - Taifid Freastail ....................32
Treoir Dhea-Chleachtais - Taifid Freastail ....................35

# Réamhrá

Gheall an Rialtas in 'Na Chéad 5', an Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh 2019-2028, chun cur leis na forbairtí an-suntasacha a rinneadh ar Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige le blianta beaga anuas agus féachann sé le feabhas a chur ar inacmhainneacht, inrochtaineacht agus cáilíocht. Ceann de na gníomhartha straitéiseacha is ea 'caighdeáin náisiúnta a fhorbairt, a fheabhsú agus a chur i bhfeidhm do thacaíochtaí agus seirbhísí luath-óige.' Tá an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ag tabhairt faoi thréimhse ina bhfuil forbairt agus athrú suntasach beartais á ndéanamh san earnáil luathbhlianta, ag oibriú lenár bpáirtithe leasmhara chun ár sprioc a bhaint amach - cúram leanaí ardchaighdeáin agus inrochtana a bhaint amach do chách. Cuireadh síneadh leis an gclár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) agus beidh dhá bhliain iomlána chláir anois i gceist leis mar chuid dár ngealltanas chun cáilíocht chúram agus oideachas luathbhlianta a ardú.

Samhail tacaíochtaí is ea an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM) atá in ainm is a chinntiú gur féidir le leanaí faoi mhíchumas teacht ar chlár ECCE. Samhail atá dírithe ar leanaí atá in AIM, ina bhfuil seacht leibhéal de thacaíocht chéimnitheach, a aistríonn ó thacaíocht uilíoch go dtí tacaíocht spriocdhírithe, bunaithe ar riachtanais an linbh agus an tsoláthraí réamhscoile. Tá an tsamhail in ainm is bheith freagrúil do riachtanais gach linbh aonair i gcomhthéacs a suímh réamhscoile. Cuireann sé tacaíochtaí saincheaptha praiticiúla ar fáil bunaithe ar ghá agus ní gá diagnóis fhoirmiúil a dhéanamh ar mhíchumas mar chuid de. Chun teacht ar eolas breise ar chlár AIM, féach www.aim.gov.ie.

Tháinig an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (an NCS) in ionad na gclár spriocdhírithe cúraim leanaí roimhe seo, (CCSP agus TEC), a chuir ar chumas roinnt teaghlach a bheith incháilithe d'fhóirdheontais den chéad uair.

Clár aonair is ea an clár réamhscoile uilíoch saor in aisce (ECCE) agus ní dhéanfaidh an NCS a thabhairt isteach difear dó.

Riarann Pobal ECCE thar ceann na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ar an *Hive*.

Ba cheart aon cheisteanna maidir le Clár ECCE agus rialacha an chláir a chur ar an gCoiste Cúram Leanaí Contae agus Cathrach (CCC) áitiúil. Féach Leathanach Baile an *Hive*, le do thoil, ag https://earlyyearshive.ncs.gov.ie/ nó www.myccc.ie (tá brón orainn nach bhfuil leagan Gaeilge ann) chun teacht ar shonraí teagmhála an CCC. Cistíonn an DCEDIY CCCanna agus gníomhaíonn siad mar ghníomhairí áitiúla chun gnéithe de chláir náisiúnta luathoideachais agus chúraim leanaí a riar. Is iad na CCCanna an chéad áit ar cheart do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus soláthraithe seirbhíse ELC dul i gcomhairle leis nuair a dhéantar iarracht teacht ar eolas agus tacaíocht maidir le Cláir ECCE agus cláir eile de chuid an DCEDIY.

Is féidir le Soláthraithe Seirbhíse iarraidh ar sheirbhís a dhéanamh tríd an *Hive* ag https://earlyyearshive.ncs.gov.ie/. Chun teacht ar chúnamh chun rialacha na gClár a riar, anuas ar aon saincheisteanna teicniúla a bhaineann le Seirbhís *Hive*, is féidir le Soláthraithe Seirbhíse

teagmháil a dhéanamh leis an Ionad Soláthraithe Luathbhlianta trí ríomhphost a sheoladh chuig eypc@pobal.ie nó trí ghlaoch ar 01-5117222.

**Nóta: D'fhéadfadh eolas sa Treoir seo athrú. Seiceáil Leathanach Baile an *Hive* go rialta, le do thoil, chun teacht ar nuashonruithe.**

Leagtar amach sa cháipéis seo na rialacha a rialaíonn Clár ECCE agus ba cheart í a léamh i gcomhar le sraith treoracha atá ar fáil ar an *HIVE* a sholáthraíonn eolas ar oibriú ECCE.

Ar mhaithe leis an gcáipéis rialacha seo, ciallaíonn 'seirbhís' seirbhís Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige (ELC) atá cláraithe le Tusla agus/nó seirbhís Cúram Leanaí ar Aois Scoile (SAC) agus ciallaíonn 'Soláthraí Seirbhíse' soláthraí ELC agus/nó SAC.

Tagrófar anois do 'Uimhir Thagartha an DCYA' mar 'Uimhir Thagartha na Seirbhíse'.

# Caibidil 1 Oibleagáidí Soláthraí Seirbhíse

## 1.1 Oibleagáidí Soláthraí Seirbhíse

Tá dualgas orthu siúd a bhfuil cistiú poiblí á fháil acu chun cloí go docht daingean le gach riail atá sa cháipéis iomlán seo, faoi mar a leag an tAire amach don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

## 1.2 Stádas Soláthraí Seirbhíse

Caithfidh cuideachta theoranta *nó* cuideachta gníomhaíochta ainmnithe *nó* trádálaí aonair *nó* bord bainistíochta scoile *nó* eagraíocht neamhbhrabúsach *nó* comhpháirtíocht a bheith sa Soláthraí Seirbhíse ELC.

Rachaidh an Soláthraí Seirbhíse ELC i mbun gach beart réasúnta chun Sláinte, Sábháilteacht agus Leas na leanaí a chosaint a fhreastalaíonn ar an tSeirbhís ELC agus chun Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016 agus Child Care Act 1991 (Early Years Services) (Amendment) Regulations 2016 (tá brón orainn nach bhfuil leagan Gaeilge ar fáil) a chomhlíonadh.

## 1.3 Clárú Tusla

Caithfidh seirbhís a bheith cláraithe le Tusla chun cistiú a fháil ón DCEDIY. Caithfidh seirbhísí a sholáthraíonn seirbhís ELC agus SAC a bheith cláraithe le Tusla don dá sheirbhís. Caithfidh gach saoráid/láthair a oibríonn seirbhís a bheith cláraithe le Tusla, caithfidh Uimhir Thagartha Seirbhíse aonair a bheith acu agus caithfidh leanaí freastal ar an tsaoráid/an láthair ina bhfuil siad cláraithe. Caithfidh cruthúnas gur cláraíodh le Tusla a bheith ar fáil ar an áitreabh lena iniúchadh, más gá.

Caithfidh soláthraithe seirbhíse a bheith cláraithe le Tusla do na háiteanna atá á soláthar:

- Áiteanna cúram lae iomláin (níos mó ná 5 huaire an chloig sa lá)
- Áiteanna páirtaimseartha (idir 3 huaire an chloig agus 31 nóiméad agus 5 huaire an chloig sa lá)
- Áiteanna seisiúnacha (idir 2 uair an chloig agus 16 nóiméad agus 3 huaire an chloig sa lá)
- Áiteanna leathsheisiúin (idir 1 uair an chloig agus 16 nóiméad agus 2 uair an chloig sa lá)

E.g. Ní féidir seirbhísí a chistiú d'áiteanna páirtaimseartha nuair a bhíonn siad cláraithe le Tusla mar sheirbhís sheisiúnach. Tá sé éigeantach go gcláraíonn gach seirbhís a sholáthraíonn cúram leanaí le Tusla. Is féidir teacht ar shonraí iomlána faoi conas seirbhís a chlárú ar láithreán gréasáin Tusla ag www.tusla.ie nó, mar mhalairt air sin, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le do CCC áitiúil ag myccc.ie.

Faoi mar a shainmhínítear san Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013, ciallaíonn 'seirbhís luathbhlianta' seirbhís a sholáthraíonn seirbhís réamhscoile agus/nó seirbhís ar aois scoile.

Ciallaíonn seirbhís réamhscoile aon réamhscoil, grúpa súgartha, naíolann lae, crèche, cúram lae nó a mhacasamhail de sheirbhís a fhreastalaíonn ar leanaí réamhscoile.

Freastalaíonn seirbhís ar aois scoile ar leanaí faoi aois 15 bliana atá cláraithe i scoil a sholáthraíonn oideachas bunscoile nó iar-bhunscoile agus soláthraíonn sé réimse gníomhaíochtaí atá ina ngníomhaíochtaí forbartha, oideachasúla agus caitheamh aimsire i dtaobh cineáil de agus a thiteann amach lasmuigh d'uaireanta scoile, ach ní áirítear leis na seirbhísí siúd nach soláthraíonn ach gníomhaíochtaí a bhaineann leis an méid seo a leanas —

i. Na hEalaíona.
ii. Obair don ógra.
iii. Spórt iomaíoch nó caitheamh aimsire.
iv. Teagasc.
v. Teagasc reiligiúnach.

Tabhair faoi deara, le do thoil, mura soláthraíonn seirbhís ach tacaíocht chun obair bhaile a sholáthar, ní mheastar go bhfuil cúram leanaí á sholáthar ag an saghas seo seirbhíse agus ní gá di a bheith cláraithe le Tusla faoi láthair. Tabhair faoi deara, freisin, le do thoil, nach bhfuil na saghsanna seo seirbhísí incháilithe chun cistiú a fháil faoi Chlár Lacáiste CCSP. Déan teagmháil le do CCC áitiúil, le do thoil, chun teacht ar eolas breise.

### 1.4 Díchlárú le Tusla

Mar an Rialálaí Neamhspleách, is é ról Tusla chun monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus cáilíocht chúram agus tacaíocht leanaí i soláthar luathbhlianta le comhlíonadh na rialachán a chinntiú. Nuair a dhéantar sáruithe comhsheasmhacha agus tromchúiseacha, is féidir le Tusla dul i mbun gnímh, a fhad le hionchúiseamh agus seirbhísí luathbhlianta a bhaint ón gclár, na gníomhartha siúd san áireamh.

**Faoi chúinsí ina n-eisíonn Tusla fógra um baint ón gclár, tá tuismitheoir i dteideal a leanbh a bhaint ón tseirbhís agus an leanbh a athchlárú i seirbhís nua i rith thréimhse an fhógra gan a bheith orthu an ghnáth-thréimhse fógra ceithre seachtaine a thabhairt don tseirbhís, de réir na rialacha maidir le freastal i gCaibidil 7 den cháipéis seo.**

**Má tá tuismitheoir i dteideal a leanbh a bhaint ón tseirbhís ELC agus an leanbh a athchlárú i seirbhís nua i rith na tréimhse fógra 21 lá gan a bheith orthu an ghnáth-thréimhse fógra a thabhairt don tSeirbhís ELC, de réir na rialacha maidir le freastal.**

### 1.5 Uimhir Thagartha Seirbhíse

Caithfidh Uimhir Thagartha Seirbhíse aonair a bheith ag gach saoráid/láthair a oibríonn seirbhís agus caithfidh leanaí freastal ar an tsaoráid/láthair ina bhfuil siad cláraithe. Caithfidh Soláthraí Seirbhíse logáil ar an *Hive* leis na sonraí ábhartha go léir chun Uimhir Thagartha Seirbhíse nua nó bhreise a iarraidh.

### 1.6 Athrú ar Chúinsí Soláthraí Seirbhíse

Caithfidh seirbhís reatha Uimhir Thagartha Seirbhíse nua a iarraidh faoi na cúinsí seo a leanas.

i. I gcás aistriú úinéireachta ar sheirbhís (Soláthraí Seirbhíse ELC), caithfidh an tSeirbhís ELC logáil ar an *Hive* leis na sonraí ábhartha go léir chun Uimhir Thagartha Seirbhíse nua a iarraidh. Caithfidh an tseirbhís a chinntiú go gcláraítear an úinéireacht nua le Tusla.

ii. I gcás athrú ar stádas dlíthiúil seirbhíse (Soláthraí Seirbhíse ELC), caithfidh an tSeirbhís ELC logáil ar an *Hive* leis na sonraí ábhartha go léir chun Uimhir Thagartha Seirbhíse nua a iarraidh. Caithfidh an tseirbhís a chinntiú go gcláraítear an stádas nua dlíthiúil le Tusla.

iii. I gcás athrú ar sheoladh seirbhíse (Soláthraí Seirbhíse ELC), caithfidh an tseirbhís a chinntiú go gcláraítear an seoladh/an t-áitreabh nua le Tusla agus caithfidh an tSeirbhís ELC logáil ar an *Hive* ansin leis na sonraí ábhartha go léir chun Uimhir Thagartha Seirbhíse nua a iarraidh.

iv. Sa chás go dtagann síneadh ar sheirbhís chun áitreabh breise atá cláraithe le Tusla a áitiú, caithfidh an tSeirbhís ELC logáil ar an *Hive* leis na sonraí ábhartha go léir chun uimhir thagartha nua an DCEDIY a iarraidh. Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcaithfidh na leanaí atá ag freastal ar an áitreabh nua/breise a bheith cláraithe faoi Uimhir Thagartha na Seirbhíse nua. Caithfidh an tseirbhís a chinntiú go gcláraítear an síneadh nua le Tusla.

### 1.7 Dúnadh Seirbhíse

Má dhúnann soláthraí Seirbhíse ELC a s(h)eirbhís, nó má chuireann sé/sí deireadh le clár cúraim leanaí an DCEDIY a sholáthar, caithfear fógra i scríbhinn a chur faoi bhráid an Choiste Cúraim Leanaí Cathrach/Contae áitiúil agus na Foirne Bainistíochta Sonraí in Pobal láithreach bonn trí iarraidh ar sheirbhís a dhéanamh ar an *Hive* Luathbhlianta agus "*User Account Management*" a roghnú faoi '*Request Programme Type'*, agus an Chatagóir "*How to*" agus an Fhochatagóir "*Closures*" a roghnú.

### 1.8 Cáilíochtaí Foirne

Faoi Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016, tá ar an bhfoireann go léir a oibríonn go díreach le leanaí i seirbhís ELC mórdhámhachtain Leibhéal 5, ar a laghad, ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (an NFQ), nó a chomhionann faoi mar a mheasann an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (an DCEDIY) a bheith bainte amach acu.

D'fhoilsigh an DCEDIY liosta de cháilíochtaí a shásaíonn na ceanglais rialála chun oibriú san earnáil ELC in Éirinn. Is féidir teacht ar an liosta seo ar leathanach an DCEDIY: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/a21c4-cailiochtai-aitheanta-luathbhlianta/.

Mura bhfuil cáilíocht bainte amach ag duine ar liosta cáilíochtaí aitheanta an DCEDIY, tá ar an duine aonair iarratas a dhéanamh ar a gcáilíochtaí a aithint ag EYQualifications@equality.gov.ie. Chun teacht ar eolas breise faoi riachtanais agus ar an bpróiseas iarratais, féach, le do thoil, leathanach gréasáin an DCEDIY: https://www.gov.ie/ga/seirbhis/ae46f-aitheantas-cailiochta-luathbhlianta/.

Tá maolú ar an riachtanas thuas i bhfeidhm do chlárbhliain 2021/22 do na cleachtóirí siúd a bhfuil síneadh ar Dhearbhú Marthanaithe acu.

Mar gheall ar an GDPR, caithfidh an duine aonair féin iarratais a dhéanamh mar gheall nach féidir leis an Roinn glacadh le hiarratais agus/nó ceisteanna ó thríú páirtithe, ar nós fostóirí.

### 1.9 Eolas Teagmhála

Caithfidh soláthraí seirbhíse seoladh ríomhphoist a sholáthar a úsáidfear chun cumarsáid a dhéanamh maidir leis an tseirbhís agus tá an ceart ar cosaint ag an Roinn chun eolas tábhachtach, eolas ina measc a bhaineann le híocaíochtaí a chur in iúl, go leictreonach. Caithfear seoladh poist a sholáthar freisin. Nuair nach ionann an seoladh baile agus seoladh na saoráide, caithfear an dá sheoladh a sholáthar (ní bhaineann seo le cuideachta theoranta). Caithfear uimhir ghutháin teagmhála, ar féidir teagmháil a dhéanamh leis an bPríomhúsáideoir Údaraithe/an Soláthraí Seirbhíse léi i rith uaireanta oibre, a sholáthar freisin.

Caithfidh teacht a bheith ag an Soláthraí Seirbhíse ELC ar shaoráidí a chuireann ar a gcumas gnó a dhéanamh ar líne agus caithfidh cuntas úsáideora *Hive* a bheith acu chun páirt a ghlacadh i gClár ECCE. Riarfaidh an Soláthraí Seirbhíse ELC Clár ECCE ar an *Hive*. Gheobhaidh siad rochtain ar láithreán gréasáin Pobal (www.pobal.ie) lena chinntiú go bhfuil cur amach acu ar na nósanna imeachta riaracháin cláir ar líne is cothroime le dáta.

### 1.10 Comhaontú Cistithe

Beidh Comhaontú Cistithe i bhfeidhm ag an Soláthraí Seirbhíse ELC leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige an 16 Lúnasa 2021 nó roimhe sin. B'fhéidir go gceadófar dáta níos déanaí má mheasann an tAire gur cuí sin.

### 1.11 An Liosta Táillí agus an Féilire Seirbhíse a Chlárú

Caithfidh an Soláthraí Seirbhíse ELC liosta táillí agus féilire seirbhíse a sheoladh chuig an *Hive* trí seachtaine sula n-osclófar an tSeirbhís ELC don chlárbhliain nua. Ar an ábhar sin, má osclaítear seirbhís an 23 Lúnasa, ar aon dul le clárbhliain 2021/2022, caithfear an liosta táillí agus féilirí a sheoladh ar aghaidh ar an *Hive* an tseachtain dar críoch an 6 Lúnasa 2021 nó roimhe sin. Léireofar sna liostaí táillí go gcuirfear na laghduithe cuí ar tháillí cúraim leanaí do thuismitheoirí cáilitheacha i bhfeidhm. Déanfaidh an CCC ábhartha athbhreithniú ar an liosta táillí agus an féilire seirbhíse seo. Chun teacht ar eolas breise, féach, le do thoil, na Treoracha.

## Caibidil 2: Liosta Táillí

### 2.1 Oibleagáidí Soláthraí Seirbhíse

Caithfidh Soláthraithe Seirbhíse Liosta Táillí a líonadh ag tús gach clárbhliana. Caithfear a thaispeáint i liosta táillí seirbhíse sonraí faoi na táillí go léir a gearradh ar thuismitheoirí, anuas ar shonraí faoi aon táillí breise, roghanna breise, faoi mar a comhaontaíodh leis an CCC áitiúil, lascainí, tabhartais shaorálacha etc. a chuir an tseirbhís i bhfeidhm. **Caithfidh liosta táillí seirbhíse do Chlár ECCE a bheith cláraithe ar an *Hive* an 6 Lúnasa 2021 nó roimhe sin.**

Caithfidh seirbhísí a osclófar i ndiaidh an 23 Lúnasa 2021 a liostaí táillí a bheith curtha in airde acu ar an *HIVE* ar a laghad 2 sheachtain sula n-osclófar iad do chlárbhliain 2021/2022.

Mura mbailíonn soláthraí seirbhíse aon éarlaisí, nó mura gcuireann sé lascainí agus roghanna breise ar fáil, caithfear é seo a chur san áireamh ar an liosta táillí freisin.

### 2.2 Riachtanas chun ECCE a sholáthar Saor in Aisce

Caithfear ECCE a sholáthar saor in aisce do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar feadh 3 huaire an chloig sa lá, 5 lá sa tseachtain ar feadh 183 lá mar chúiteamh ar an gcaipitíocht a fhaigheann Soláthraithe

Seirbhíse ELC ón DCEDIY. Ní féidir le seirbhísí táillí ECCE a bhaint ó thuismitheoirí ar bhonn ar bith nó faoi chúinsí ar bith.

### 2.3 30 Nóiméad Breise de Sheirbhís Sheisiúnach Amháin

Is féidir le soláthraí Seirbhíse ELC nach gcuireann ach **seirbhís sheisiúnach amháin** ar fáil agus nach gcuireann aon chatagóir eile de chúram leanaí (páirtaimseartha, lánaimseartha etc.) ar fáil, 30 nóiméad breise, ar a mhéid, sa lá a sholáthar. Caithfear na 30 nóiméad seo a liostú mar rogha bhreise ar an liosta táillí.

### 2.4 Am Breise i Seirbhís Lánaimseartha nó Pháirtaimseartha

Féadfaidh soláthraí lánaimseartha nó páirtaimseartha a roghnú chun tús áite a thabhairt d'áit i réamhscoil saor in aisce do leanbh a mbeidh áit lánaimseartha nó pháirtaimseartha á cur ar fáil dó/di seachas an tús áite a thabhairt do leanbh ar mian leis/léi nach gcuirtear ar fáil do/di ach gné na réamhscoile saor in aisce ach caithfear rogha ECCE amháin a chur san áireamh ar gach liosta táillí ECCE.

### 2.5 Leanaí Cláraithe a Easáitiú

Nuair a dhéantar clár a chlárú, féadfaidh soláthraí seirbhíse tús áite a thabhairt do chlárú dóibh siúd a gcuirtear seachtain cúig lá de ECCE ar fáil dóibh tharstu siúd a chláraíonn do níos lú laethanta. Ní féidir le soláthraí seirbhíse leanbh a easáitiú a gcuirtear an tseachtain níos giorra ar fáil dó/di i bhfabhar linbh a chuireann isteach ar ECCE cúig lá i ndiaidh go mbíonn clárú ECCE a linbh críochnaithe.

### 2.6 Éarlaisí Áirithinte ECCE

#### 2.6.1 Éarlais Uasta ECCE

Féadfaidh soláthraí Seirbhíse ELC éarlais áirithinte in-aisíoctha a ghearradh chun áit ECCE a choimeád do leanbh. Is ionann an éarlais uasta is féidir le soláthraí a ghearradh agus íocaíocht ceithre seachtaine ECCE. Caithfidh é seo a bheith le sonrú ar an liosta táillí.

#### 2.6.2 Éarlais ECCE a Aisíoc

Caithfear iomláine na héarlaise ECCE a thabhairt ar ais don tuismitheoir/chaomhnóir a luaithe a fhaomhtar clárú an linbh ar an *Hive*. Má tá éarlais leagáide á coimeád ag seirbhís a sháraíonn ceithre huaire mhéid chaipitíocht sheachtainiúil ECCE do leanbh a bhí ag freastal ar an tseirbhís sin sular thosaigh siad le ECCE, agus murar bhailigh siad éarlais ECCE ar leith, caithfidh an tSeirbhís ELC a mhéid le €258 den éarlais sin a aisíoc leis an tuismitheoir/caomhnóir, ag brath ar leibhéal seirbhís ECCE, a luaithe a faomhadh clárú ECCE an linbh ar an *Hive*, gan aird ar cathain a bailíodh an éarlais sin.

### 2.7 Roghanna Breise

Ní féidir le soláthraithe Seirbhíse ELC muirear a ghearradh ar aon ghníomhaíochtaí a mheastar a chruthaíonn príomhchodanna de churaclam ECCE.  Féadfaidh soláthraithe Seirbhíse ELC muirear a ghearradh ar roghanna breise a roghnaítear ó cháipéis Roghanna Breise ECCE (féach Aguisín 1), ach sa chás nach roghnaíonn tuismitheoir/caomhnóir aon chinn de na roghanna breise, caithfear soláthar iomlán seirbhíse, atá bunaithe ar chlár ECCE, a sholáthar dá leanbh. Caithfear gach rogha bhreise a shainaithint ar bhonn aonair ar an liosta táillí. Ní féidir le Seirbhísí ELC tús áite a thabhairt d'áiteanna ECCE ar bhonn na roghanna breise lena nglactar.

**Má dhiúltaíonn Soláthraí Seirbhíse cloí le treoir an CCC áitiúil maidir le liostaí táillí, b'fhéidir go gcuirfear smachtbhannaí i bhfeidhm.**

### 2.7.1 Liosta Faofa Roghanna Breise ECCE

Caithfidh roghanna breise a bheith ó Liosta Faofa Roghanna Breise ECCE (Aguisín 1). Caithfidh Soláthraí Seirbhíse ELC an méid seo a leanas a thabhairt maidir le haon rogha bhreise a iarrtar ar a liosta táillí: cur síos cruinn ar an rogha, an costas iomlán atá ar an rogha agus an mhinicíocht a d'fhéadfadh an rogha a bheith ar fáil.

**Tá sé ríthábhachtach nach mbraitheann aon leanbh riamh go bhfuil siad á bhfágáil as an áireamh mura bhfuil páirt á glacadh acu sa rogha bhreise. Caithfidh Soláthraithe Seirbhíse é seo a chur san áireamh agus ba cheart dóibh dul i gcomhairle le hAguisín 1 chun teacht ar eolas breise.**

### 2.8 Litir Eolais faoi Tháillí Seirbhíse

Caithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí Litir Eolais faoi Tháillí Seirbhíse *Hive* a shíniú lena thabhairt le fios go dtuigeann siad na muirir a ghearrfaidh an tseirbhís. Déanann an Roinn/Pobal/an CCC athbhreithniú ar na liostaí táillí.

Maidir le clárbhliain 2021/2022, glacfaidh an DCEDIY le deimhniú go bhfuair an tuismitheoir/caomhnóir ábhartha an Litir Eolais faoi Tháillí Seirbhíse ar ríomhphost nó trí chruachóip, pé ceann is mó a oireann don soláthraí seirbhíse agus an tuismitheoir/caomhnóir. Ba cheart an rogha a thabhairt don tuismitheoir/chaomhnóir, áfach, é seo a dheimhniú ar ríomhphost. Ba cheart tuismitheoirí ar mian leo rogha an ríomhphoist a úsáid a chur ar an eolas nach rogha chomh slán céanna é rogha an ríomhphoist maidir le cosaint sonraí. Ba cheart iarraidh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí an ríomhphost cuí atá le húsáid agus ba cheart don soláthraí a chinntiú nach n-eisítear ach ríomhphoist aonair shonracha don seoladh cuí don teaghlach cuí.

Caithfidh Soláthraithe Seirbhíse cóipeanna de na ríomhphoist go léir a choimeád ar mhaithe le cuspóirí comhlíonta ar an láthair chun go mbeidh siad ar fáil lena n-iniúchadh.

### 2.9 Athruithe ar Tháillí

Caithfidh an CCC aon athruithe ar an Liosta Táillí a fhaomhadh. Caithfear fógra ceithre seachtaine a thabhairt do thuismitheoirí ar aon athrú a dhéanfar ar an Liosta Táillí. Sa chás go ndearnadh an Liosta Táillí a leasú, caithfear Litreacha leasaithe Eolais faoi Tháillí Seirbhíse a eisiúint ansin agus caithfidh na tuismitheoirí/caomhnóirí iad a shíniú do chomhaid na seirbhíse. Caithfear cóipeanna de litreacha Eolais faoi Tháillí Seirbhíse a eisíodh agus a síníodh ina dhiaidh sin a choimeád i gcomhad ar an áitreabh. Caithfear cóip nuashonraithe de Liostaí Táillí a fhoilsiú i limistéar den tseirbhís a bhfuil teacht ag tuismitheoirí air, anuas ar aon ardán ar líne a choimeádann an soláthraí ar mhaithe lena seirbhísí a fhógairt.

### 2.10 Riachtanas Taispeána Cáipéisí

Caithfidh cóip den Liosta Táillí, anuas ar chóipeanna d'aon litreacha caighdeánacha (litreacha Eolais faoi Tháillí Seirbhíse san áireamh) a bhaineann le cláir a chistíonn an DCEDIY a eisíodh do thuismitheoirí, a bheith foilsithe i limistéar sa tseirbhís atá inrochtana agus infheicthe do thuismitheoirí, agus a thaispeántar ar aon ardán ar líne a dhéanann an Soláthraí Seirbhíse a chothabháil ar mhaithe lena seirbhísí a fhógairt.

Mar choinníoll de chomhaontú cistithe chlár ECCE do chlárbhliain 2021/2022, comhaontaíonn Soláthraithe Seirbhíse lena cheadú don Aire/Pobal a dtáillí a fhoilsiú ar líne agus in aon fhoirm. Tá an ceart ar cosaint ag an Aire/Pobal na sonraí seo a fhoilsiú agus na sonraí a úsáid i bhfoirm chomhiomlán ar mhaithe le tuairisciú ar tháillí.

### 2.11 Riachtanas Comhdaithe Cáipéisí

Caithfidh cóip shínithe a bheith den Litir Eolais faoi Tháillí Seirbhíse i gcomhad ag Soláthraithe Seirbhíse i dtaca le gach tuismitheoir/caomhnóir linbh ar Chlár ECCE, ina léirítear na táillí a faomhadh. Caithfidh gurb ionann na táillí seo agus iad siúd a thaispeántar sa Liosta Táillí.

### 2.12 Seiceálacha CCC

Ba cheart a thabhairt faoi deara go ndéanfaidh na CCCanna na liostaí táillí go léir a sheiceáil lena chinntiú go sásaíonn siad téarmaí an chomhaontaithe cistithe a shíníodh agus na rialacha do Chlár ECCE. I gcásanna neamhchomhlíonta, tabharfar 4 seachtaine do Sholáthraithe Seirbhíse chun a liosta(í) táillí a cheartú. Murar nuashonraíodh na liostaí táillí i ndiaidh an ama seo, faoi mar a d'iarr an CCC, tabharfar fógra do Pobal chun an scéal a fhiosrú níos mó. Is féidir smachtbhannaí a chur i bhfeidhm má dheimhnítear gur sháraigh liostaí táillí aon rialacha/beartas chlár ECCE.

## Caibidil 3: Féilire Seirbhíse

### 3.1 Riachtanas Féilire Seirbhíse

Caithfidh Soláthraithe Seirbhíse Féilire Seirbhíse a líonadh ag tús gach clárbhliana. Caithfear féilire na seirbhíse a sheoladh ar aghaidh ar an *Hive* an 6 Lúnasa 2021 nó roimhe sin do chlárbhliain 2021/2022. D'fhéadfadh an Roinn/Pobal/an CCC athbhreithniú a dhéanamh ar an bhféilire.

Caithfidh seirbhísí a osclófar i ndiaidh an 23 Lúnasa 2021 a bhféilirí a bheith curtha in airde acu ar an *Hive* ar a laghad 2 sheachtain sula n-osclófar iad do chlárbhliain 2021/2022.

#### 3.1.1 Féilire do Thuismitheoirí

Caithfear féilire seirbhíse a dháileadh ar gach tuismitheoir/caomhnóir ina léirítear na laethanta atá an tseirbhís ceaptha bheith oscailte faoi Chlárbhliain ECCE 2021/2022.

#### 3.1.2 Seachtainí/Laethanta Íosta Oscailte Féilire sa Chlárbhliain

Caithfidh seirbhísí a bhfuil conradh acu do Chlár Lacáiste ECCE a bheith ar oscailt ar feadh ar a laghad 38 seachtain (nó 183 lá) i rith na clárbhliana, mura gcinneann an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a mhalairt.

#### 3.1.3 Seachtainí Íosta Oscailte sa Téarma

Tá ar sholáthraithe seirbhíse bheith ar oscailt ar feadh líon íosta seachtainí in aghaidh an téarma ECCE, agus is féidir teacht ar shonraí faoi seo i dTreoir ECCE atá ar fáil ar an *Hive*.

### 3.2 Seachtain Neamhíocaíochta

Má tá seirbhís dúnta ar feadh 3 lá nó níos faide in aon seachtain amháin, caitear leis seo mar sheachtain neamhíocaíochta.

### 3.3 Riachtanas Taispeána Cáipéisí

Caithfidh cóip den fhéilire seirbhíse, anuas ar chóipeanna d'aon litreacha caighdeánacha a bhaineann le cláir a chistíonn an DCEDIY a eisíodh do thuismitheoirí, a bheith foilsithe i limistéar sa tseirbhís atá inrochtana agus infheicthe do thuismitheoirí, anuas ar aon ardán ar líne a dhéanann an soláthraí a chothabháil ar mhaithe lena seirbhísí a fhógairt.

### 3.4 Athruithe ar Fhéilirí Seirbhíse

#### 3.4.1 Athruithe Féilire a Fhaomhadh

Caithfidh an CCC aon athruithe ar fhéilire seirbhíse a fhaomhadh ar dtús.

#### 3.4.2 Fógra faoi Athrú Féilire

Caithfidh an CCC fógra ceithre seachtaine i scríbhinn a thabhairt do thuismitheoirí ar aon athrú a dhéanfar ar fhéilire seirbhíse, a luaithe a cheadaigh an CCC an féilire.

#### 3.4.3 Féilire Leasaithe a Thaispeáint

Sa chás gur leasaíodh an féilire, caithfear cóip leasaithe den fhéilire a fhoilsiú i limistéar den tseirbhís atá infheicthe agus a bhfuil teacht ag tuismitheoirí/caomhnóirí air, anuas ar aon ardán ar líne a choimeádann an soláthraí ar mhaithe lena seirbhísí a fhógairt. Glacfaidh an Roinn freisin le deimhniú go bhfuair an tuismitheoir/caomhnóir ábhartha an féilire nuashonraithe ar ríomhphost nó trí chruachóip, pé ceann is mó a oireann don Soláthraí Seirbhíse. Ba cheart an rogha a thabhairt do thuismitheoir/chaomhnóirí, áfach, é seo a dheimhniú ar ríomhphost.

Ba cheart tuismitheoirí/caomhnóirí ar mian leo rogha an ríomhphoist a úsáid a chur ar an eolas nach rogha chomh slán céanna é rogha an ríomhphoist maidir le cosaint sonraí. Ba cheart iarraidh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí an ríomhphost cuí atá le húsáid agus ba cheart don soláthraí a chinntiú nach n-eisítear ach ríomhphoist aonair shonracha don seoladh cuí don teaghlach cuí. Caithfidh Soláthraithe Seirbhíse cóipeanna de na ríomhphoist go léir a choimeád ar mhaithe le cuspóirí comhlíonta ar an láthair agus ba cheart go mbeidís ar fáil lena n-iniúchadh.

**Chun teacht ar eolas breise ar fhéilirí seirbhíse, déan teagmháil, le do thoil, le do CCC áitiúil nó féach *'How To Guide-ECCE Programme Fees List and Service Calendar'* de chuid Pobal ar an *Hive* (ár leithscéal nach bhfuil leagan Gaeilge ar fáil).**

## Caibidil 4: Léargas Ginearálta ar ECCE

Clár uilíoch saor in aisce is ea clár ECCE atá ar fáil do gach leanbh laistigh den réimse aoise incháilithe. Soláthraíonn sé a gcéad eispéireas foirmiúil de luathfhoghlaim do leanaí sula gcuireann siad tús leis an mbunscoil. Soláthraítear an clár ar feadh trí huaire an chloig sa lá, cúig lá sa tseachtain i gcaitheamh 38 seachtain1 agus bíonn an clár ar siúl ó Mheán Fómhair go Meitheamh.

### 4.1 Caighdeán Oideachas Luathbhlianta

Caithfidh seirbhísí cúraim leanaí a ghlacann páirt i scéim ECCE clár cuí oideachais réamhscoile a sholáthar a chloíonn le prionsabail agus caighdeáin Síolta agus Aistear, na creataí náisiúnta d'oideachas agus cúram luathbhlianta. Bíonn foireann na gCoistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí (CCCanna) áitiúla i láthair chun tacú le seirbhísí rannpháirteacha le cuairteanna agus comhairle chúntach. Níl ECCE

[1] Ceadaítear líon beag seirbhísí a reáchtáil i gcaitheamh 41 seachtain faoi chúinsí eisceachtúla. Leanfaidh na socruithe reatha seo agus tá siad faoi réir gach cinn de na rialacha a chuimsítear anseo istigh, seachas gur féidir leo Clár ECCE a sholáthar ar feadh 4 lá sa tseachtain ar feadh 3.5 uair sa lá. A luaithe a thugann seirbhís a rogha 41 seachtain suas, ní féidir leo filleadh air amach anseo.

ar fáil ach trí sheirbhísí rannpháirteacha luathbhlianta.  Tá fáil ar liosta de na seirbhísí seo tríd an CCC ábhartha áitiúil.

### 4.2 Cáilitheacht do ECCE

Tá an clár ar fáil do gach leanbh ó Mheán Fómhair i ndiaidh gur bhain siad aois 2 bhliain agus 8 mí amach.

### 4.3 Rialacha Chlár ECCE
### 2015 18/19
### 2016 19/20

| **Tábla 1: Cáilitheacht do ECCE de réir Mhí na Breithe** | | |
|---|---|---|
| **Dáta breithe idir** | **Dáta Tosaithe ECCE** | **Dáta críche ECCE** |
| An 1 Meán Fómhair 2017 - an 31 Nollaig 2017 | An 1 Meán Fómhair 2020 + an 1 Meán Fómhair 2021 | Meitheamh 2022 |
| An 1 Meán Fómhair 2018 - an 31 Nollaig 2018 | An 1 Meán Fómhair 2021 + an 1 Meán Fómhair 2022 | Meitheamh 2023 |
| An 1 Meán Fómhair 2019 - an 31 Nollaig 2019 | An 1 Meán Fómhair 2022 + an 1 Meán Fómhair 2023 | Meitheamh 2024 |
| An 1 Meán Fómhair 2020 – an 31 Nollaig 2020 | An 1 Meán Fómhair 2023 + an 1 Meán Fómhair 2024 | Meitheamh 2025 |
| An 1 Meán Fómhair 2021 – an 31 Nollaig 2021 | An 1 Meán Fómhair 2024 + an 1 Meán Fómhair 2025 | Meitheamh 2026 |

#### 4.3.1 Aois Linbh Incháilithe

Caithfidh gur bhain leanbh 2 bhliain agus 8 mí d'aois amach an 31 Lúnasa 2021 nó roimhe sin, agus nach mbeidh sé/sí níos sine ná 5 bliana agus 6 mhí d'aois faoin 30 Meitheamh 2021, le bheith incháilithe do chlárbhliain 2021/22. Leagtar amach i dTábla 1 dátaí ábhartha cáilitheachta de réir bhliain na breithe.

#### 4.3.2 Eisceachtaí i leith na hUasteorann Aoise

Tá athbhreithniú á dhéanamh ar eisceacht a sholáthar maidir leis an uasteorainn aoise (díolúine thar aois) nuair atá riachtanais speisialta/bhreise ag leanbh, sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i gcomhar leis an Roinn Oideachais.

Beidh ar iarratasóirí ar dhíolúine thar aois a mhíniú cén fáth go bhfreastalódh seirbhís ECCE ar riachtanais ar leith a linbh ar bhealach ní ba chuí i gcomparáid le bunscoil. Caithfear iarratais ar dhíolúintí thar aois a sheoladh ar aghaidh i scríbhinn chuig EYQueries@equality.gov.ie

Beidh sonraí breise ar fáil ar láithreán gréasáin Na Chéad 5 nuair a osclófar clár ECCE i Meán Fómhair 2021.

**Tabhair faoi deara, le do thoil, nach nglacfar le hiarratais ach ó thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) linbh seachas ó Sholáthraí Seirbhíse.**

#### 4.3.3 Cáipéisí/Eolas Riachtanach

Caithfidh tuismitheoirí ainm iomlán an linbh, faoi mar a shonraítear é ar an teastas breithe nó an pas, dáta breithe an linbh agus PPSN an linbh a sholáthar d'fhonn a leanbh a chlárú ar an gclár.

**Caithfidh an tSeirbhís ELC cáipéisíocht a chuimsíonn PPSN agus aon eolas pearsanta eile a mhilleadh a luaithe nach dteastaíonn sí a thuilleadh.**

#### 4.3.5 An Cóimheas idir Daoine Fásta agus Leanaí

Is é an cóimheas idir daoine fásta agus leanaí le haghaidh sheisiún ECCE 1:11 (caithfidh gach leanbh sa seomra a bheith idir 2.5 agus 6 bliana d'aois).

#### 4.3.6 Rollú Íosta

I. Caithfidh líon íosta ochtar leanaí atá incháilithe do ECCE in aghaidh an tseisiúin a bheith ag soláthraí Seirbhíse ELC.
II. Is féidir eisceachtaí i leith an lín íosta rollaithe a dheonú faoi chúinsí áirithe. Caithfear iarratais a sheoladh ar aghaidh go dtí an Coiste Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí (CCC).

#### 4.3.7 Fágáil le Fógra

Más mian le tuismitheoir/caomhnóir a leanbh a aistriú chuig Soláthraí Seirbhíse ELC eile, caithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí fógra ceithre seachtaine a thabhairt don Soláthraí Seirbhíse ELC reatha go mbeidh leanbh ag imeacht ó sheirbhís (gan saoirí/seachtainí a áireamh a bhíonn an tseirbhís dúnta).

#### 4.3.8 Fágáil gan Fógra

Má bhaineann tuismitheoir/caomhnóir a leanbh ó Sheirbhís ELC gan fógra scríofa ceithre seachtaine a sholáthar, is féidir leis an tSeirbhís ELC a mhéid le fóirdheontas ECCE ceithre seachtaine a éileamh don leanbh sin. Má iarrann Soláthraí Seirbhíse ELC, áfach, go mbaintear leanbh óna seirbhís gan fógra ceithre seachtaine a thabhairt don tuismitheoir/chaomhnóir, caithfidh an Soláthraí Seirbhíse an leanbh sin a chlárú mar fhágálaí ón dáta a baineadh iad ón tseirbhís.

#### 4.3.9 Fógra nuair a Aistrítear Leanbh chuig Sliotán Ama Eile ECCE

Más mian le soláthraí Seirbhíse ELC leanbh a aistriú chuig sliotán ama éagsúil ECCE i ndiaidh go raibh leanbh cláraithe roimhe seo ar sheisiún ECCE ar leith, e.g. ón maidin go dtí an tráthnóna, ní féidir leo sin a dhéanamh ach le cead ó na tuismitheoirí.

#### 4.3.10 Clár ECCE a Sholáthar

Tá ar sholáthraí Seirbhíse ELC seirbhís trí huaire an chloig sa lá, cúig lá sa tseachtain a sholáthar ar feadh 38 seachtain in aghaidh gach clárbhliana.[2]

#### 4.3.11 Ráta(í) ECCE

Is í an chaipitíocht chaighdeánach sheachtainiúil €69.00 do chlárbhliain 2021/2022. Sa chás go bhfuil leanbh ag freastal ar sheirbhís pháirtaimseartha nó lánaimseartha, caithfidh an soláthraí Seirbhíse ELC na táillí a laghdú a d'íoc an tuismitheoir/caomhnóir €64.50.

[2] Seachas i gcás eisceacht stairiúil na seirbhísí ar a dtugtar seirbhísí "41 seachtain" a cheadaítear oibriú ar feadh 41 seachtain ar feadh 3.5 uair an chloig sa lá, 4 lá sa tseachtain.

#### 4.3.12 Clár ECCE á sholáthar ag breis agus Soláthraí Seirbhíse amháin (Áit Dheighilte)

Ar mhaithe le leanúnachas an chúraim, riachtanais oideachais agus sóisialaithe an linbh, molann an DCEDIY go tréan nach bhfreastalaíonn leanaí ach ar sheirbhís amháin, pé áit ar féidir. Is féidir áit ECCE linbh a dheighilt, áfach, idir dhá sheirbhís sna cásanna eisceachtúla seo a leanas:

- Sa chás gurb ann do shocrú comhchaomhnóireachta agus, mar gheall air seo, ní féidir don leanbh freastal ar an tseirbhís chéanna gach lá;
- Sa chás go bhfuil riachtanais bhreise ag leanbh agus gur mhol an réamhscoil speisialtachta go ndéantar an áit ECCE a dheighilt idir réamhscoil speisialtachta agus phríomhshrutha ar an mbunús go dtéann seo chun leasa an linbh; agus
- Sa chás go dteastaíonn socrúchán deighilte mar gheall ar shocruithe oibre an tuismitheora/na dtuismitheoirí.

Ba cheart iarratais ar dhíolúintí d'áit dheighilte a sheoladh i scríbhinn chuig Aonad Maoirseachta agus Cumarsáide Luathbhlianta an DCEDIY ag EYQueries@equality.gov.ie.

## Caibidil 5 Cáilíochtaí Foirne/Caipitíocht Níos Airde

### 5.1 Oibleagáidí Soláthraí Seirbhíse ELC

Caithfidh soláthraí Seirbhíse ELC a chinntiú go bhfuil cáilíocht ag an bhfoireann go léir a oibríonn le leanaí, ar a laghad, a chomhlíonann ceanglais na Rialachán fán Acht um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016.

### 5.2 Cáilíochtaí a Aithint do ECCE

Caithfidh cáilíocht a bheith ag Ceannairí Seomra, ar a laghad, a chomhlíonann riachtanais an chomhaontaithe um chistiú deontais do Cheannaire Seomra ECCE faoi mar a leagtar amach sa liosta foilsithe de 'Cáilíochtaí Aitheanta Luathbhlianta' de chuid an DCEDIY nó caithfidh siad Litir Incháilitheachta chun Cleachtadh a bheith acu ar an leibhéal seo a d'eisigh an DCEDIY (féach eolas breise a bhaineann le cáilíochtaí, an liosta foilsithe ina measc, ar https://www.gov.ie/ga/seirbhis/ae46f-aitheantas-cailiochta-luathbhlianta/ ). Tá maolú ar an riachtanas thuas i bhfeidhm do chlárbhliain 2021/22 do na cleachtóirí siúd a bhfuil síneadh ar Dhearbhú Marthanaithe acu.

Mar sin féin, ní bhaineann an maolú seo ach le seomraí nach seomraí Caipitíochta Níos Airde iad. Mar atá leagtha amach i mír 5.5 thíos, ní bhíonn ball foirne incháilithe do Chaipitíocht Níos Airde más ag obair ar bhunús Dearbhú Marthanaithe atá sé/sí.

### 5.3 Caipitíocht Níos Airde

Tá caipitíocht níos airde mar chuid de chlár ECCE, agus tá sé bunaithe ar chlárú ECCE. Baineann na rialacha go léir le haghaidh ECCE, chomh maith, le Caipitíocht Níos Airde agus ní fhaigheann na rialacha maidir le Caipitíocht Níos Airde forlámhas ar chroírialacha ECCE. Is ionann ráta caipitíochta níos airde ECCE agus €11.25 sa bhreis an leanbh sa tseachtain os cionn an ráta chaighdeánaigh €69.00 Féadtar Caipitíocht Níos Airde a íoc i dtaca le haon seomra ECCE a bhaineann na critéir cháilitheacha amach (féach 5.5 chun teacht ar chritéir cháilitheacha). D'fhéadfadh go ndeonófaí caipitíocht níos airde do sheirbhísí ina bhfuil seisiúin iolracha ECCE ar bun le haghaidh seisiúin cháilitheacha agus d'fhéadfadh go ndeonófaí caipitíocht chaighdeánach do sheisiúin eile ECCE.

### 5.4 Caipitíocht Níos Airde Choibhéise Lánaimseartha (FTE)

Íoctar Caipitíocht Níos Airde i dtaca leis an líon leanaí Coibhéise Lánaimseartha (FTE) atá cláraithe le clár ECCE sa seisiún cáilitheach ECCE. Ní féidir leanaí a fhreastalaíonn ar CETS agus an CCSP (agus leanaí a íocann táille) a fhreastalaíonn ar an seisiún caipitíochta níos airde a chur san áireamh sa ríomh FTE, ach is gá iad a chur san áireamh sna cóimheasa idir daoine fásta agus leanaí. Caithfear cloí go docht daingean leis na cóimheasa idir daoine fásta agus leanaí do chlár ECCE (féach an tábla thíos).

Tábla 2: Cóimheasa idir Daoine Fásta agus Leanaí

| | |
|---|---|
| 1-11 Leanbh in aghaidh an tSeisiúin | Caithfidh ar a laghad Ceannaire amháin réamhscoile incháilithe Caipitíochta Níos Airde a bheith sa Seomra ag gach tráth |
| 12-22 Leanbh in aghaidh an tSeisiúin | Caithfidh ar a laghad Ceannaire amháin réamhscoile incháilithe Caipitíochta Níos Airde agus Cúntóir Seomra amháin Réamhscoile incháilithe Caipitíochta Níos Airde a bheith sa Seomra ag gach tráth |
| 23-33 Leanbh in aghaidh an tSeisiúin | Caithfidh ar a laghad 2 Cheannaire réamhscoile incháilithe Caipitíochta Níos Airde agus Cúntóir Seomra amháin Réamhscoile incháilithe Caipitíochta Níos Airde a bheith sa Seomra ag gach tráth |
| 34-44 Leanbh in aghaidh an tSeisiúin | Caithfidh ar a laghad 2 Cheannaire réamhscoile incháilithe Caipitíochta Níos Airde agus 2 Chúntóir Seomra Réamhscoile incháilithe Caipitíochta Níos Airde a bheith sa Seomra ag gach tráth agus mar sin de... |

### 5.5 Cáilitheacht do Chaipitíocht Níos Airde

Tá soláthraí Seirbhíse ELC a bhfuil seisiún ECCE aige/aici agus a chomhlíonann na riachtanais seo a leanas incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar íocaíochtaí Caipitíochta Níos Airde ECCE don seisiún sin:

i. Ceannaire Seomra ag a bhfuil cáilíocht a aithnítear a bhain na riachtanais amach le haghaidh Caipitíochta Níos Airde ECCE faoi mar a leagtar amach ar an liosta foilsithe de 'Cáilíochtaí Aitheanta Luathbhlianta an DCEDIY' nó má mheasann an DCEDIY go bhfuil sé/sí incháilithe ar bhealach eile, faoi mar a fhianaítear i Litir Cháilitheachta chun Cleachtadh mar cheannaire seomra Caipitíochta Níos Airde ECCE;

ii. tá taithí trí bliana íoctha, ar a laghad, ag an gCeannaire Seomra céanna de bheith ag oibriú san earnáil chúraim leanaí;

iii. baintear amach an cóimheas rialála idir daoine fásta agus leanaí;

iv. Cúntóir Seomra (má theastaíonn sé/sí le haghaidh cóimheas idir daoine fásta agus leanaí), ag a bhfuil cáilíocht iomlán agus ábhartha a bhaineann an caighdeán íosta rialála amach faoi mar a leagtar amach ar an liosta foilsithe de 'Cáilíochtaí Aitheanta Luathbhlianta an DCEDIY' nó má mheasann an DCEDIY go bhfuil sé/sí incháilithe ar bhealach eile, faoi mar a fhianaítear i Litir Cháilitheachta chun Cleachtadh.

Maidir le (iv), ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil Cúntóir Seomra atá ag oibriú sa tSeirbhís ELC trí 'dhearbhú marthanaithe', incháilithe do Chaipitíocht Níos Airde. Ní íocfar Caipitíocht Níos Airde nuair a bhíonn an cúntóir seomra ag oibriú ar bhunús 'dearbhú marthanaithe', gan aird ar

leibhéal cáilíochta an cheannaire seomra. Féach mír 5.2 chun teacht ar eolas nuashonraithe faoi dhearbhuithe marthanaithe.

### 5.6 Ráta agus Táillí Caipitíochta níos Airde

Sa chás go bhfuil leanbh ag freastal ar sheirbhís pháirtaimseartha nó lánaimseartha a bhfuil an ráta caipitíochta níos airde á fháil aici, caithfidh an soláthraí Seirbhíse ELC na táillí a laghdú a íocann an tuismitheoir/caomhnóir faoi €64.50 (arbh é sin an ráta caighdeánach caipitíochta sular tháinig an méadú 7% ar an ráta caipitíochta caighdeánach a bhí beartaithe ar mhaithe leis an soláthraí seirbhíse i mbuiséad 2018).

### 5.7 Ceannaire Seomra Caipitíochta Níos Airde – Taithí Oibre Trí Bliana

Faoi mar a luadh in 5.5, le bheith incháilithe do chaipitíocht níos airde, caithfidh ceannaire seomra cáilíocht chuí agus taithí íoctha trí bliana a bheith aige/aici de bheith ag oibriú san earnáil chúraim leanaí. Leis seo a shoiléiriú, ciallaíonn seo:

i. Tagraíonn an bhliain, i dtaithí trí bliana, do bhliain iomlán acadúil nó naoi mí d'obair laistigh de gach bliain féilire (lánaimseartha nó páirtaimseartha).
ii. Is féidir an taithí seo a fháil trí réimse gníomhaíochtaí oibre ach caithfidh obair le leanaí ar aois réamhscoile nó bunscoile a bheith i gceist leis.
iii. Tá an taithí trí bliana carnach, agus is féidir an taithí a fháil ag aon tráth; ní gá é a fháil i ndiaidh go mbaintear cáilitheacht do chaipitíocht níos airde amach. Is féidir an taithí oibre a bhaint amach i suíomh lasmuigh d'Éirinn.
iv. Ní féidir socrúcháin chleachtaidh faoina dtugtar i rith oideachais agus oiliúna a chur san áireamh mar chuid den taithí trí bliana.

### 5.8 Cur Isteach ar Chaipitíocht Níos Airde

Caithfidh an soláthraí Seirbhíse ELC cur isteach ar chaipitíocht níos airde. Ní thugtar caipitíocht níos airde anonn ó bhliain chláir amháin go dtí an ceann eile, agus caithfidh gach seirbhís cur isteach ar chaipitíocht níos airde do gach clárbhliain, laistigh de gach clárbhliain. Ní féidir glacadh le hiarratais i ndiaidh gur tháinig deireadh leis an gclárbhliain (tá dátaí na clárbhliana leagtha amach sa chomhaontú um chistiú ECCE). Riarann Pobal Caipitíocht Níos Airde ECCE. Do chlárbhliain 2021-2022, caithfidh gach Soláthraí Seirbhíse ELC iarratas a dhéanamh ar Pobal ar Chaipitíocht Níos Airde ECCE. Beidh treoracha ar fáil faoi conas iarratas a dhéanamh ar an *Hive* ag seoladh chlár ECCE 2021.

### 5.9 Leasuithe ar Chaipitíocht Níos Airde

Caithfidh soláthraithe seirbhíse eolas cruinn a sholáthar agus a stádas Caipitíochta Níos Airde ECCE a choimeád cothrom le dáta i rith na clárbhliana. Caithfear socrú agus reáchtáil féin an tseomra ECCE a léiriú san eolas a seoladh ar aghaidh san fhoirm iarratais ar chaipitíocht níos airde, i dtaobh cóimheasa idir leanaí agus daoine fásta, an Ceannaire Seomra nó an fhoireann Cheannaire Seomra / Chúntóir Seomra a oibríonn sa seomra, agus na líonta iomlána de leanaí ECCE agus neamh-ECCE i ngach seomra. Caithfear Pobal a chur ar an eolas ar aon athruithe a rinneadh ar sholáthar foirne agus líonta leanaí ECCE i seomra. Tá sonraí faoi conas stádas Caipitíochta Níos Airde atá cothrom le dáta a choimeád ar fáil tríd an *Hive*.

### 5.10 Cáilíochtaí agus Caipitíocht Níos Airde

Faoi mar a luaitear in 5.5, ba cheart go mbeadh cáilíocht ag ball foirne atá incháilithe a bheith ina C(h)eannaire Seomra ar an ráta caipitíochta níos airde atá ar an liosta foilsithe de 'Cáilíochtaí Aitheanta

Luathbhlianta an DCEDIY' nó litir cháilitheachta chun cleachtadh ón DCEDIY. Fianaíonn cóip den deimhniú céimnithe nó cóip den litir cháilitheachta chun cleachtadh é seo.

Níor cheart an fhoirm iarratais ar chaipitíocht níos airde a sheoladh ar aghaidh mura dtuigeann an tSeirbhís ELC go soiléir go bhfuil ball foirne incháilithe. Ba cheart do shealbhóir na cáilíochta sin dul i ngleic le haon cheisteanna a bhaineann le cáilíochtaí foirne tríd an bpróiseas Measúnaithe Cáilíochtaí a chuireann an DCEDIY ar fáil. Ní ghlacfaidh an DCEDIY le hiarratas ar Mheasúnú Cáilíochtaí ó aon duine eile seachas sealbhóir na cáilíochta. Féach an leathanach Cáilíochtaí faoi Chúram Leanaí ag https://www.gov.ie/ga/seirbhis/ae46f-aitheantas-cailiochta-luathbhlianta/ chun teacht ar bhreis faisnéise.

### 5.11 Caipitíocht Níos Airde a Chomhlíonadh

Ar chuspóirí caipitíochta, ba cheart aon cháipéisíocht a bhaineann le caipitíocht níos airde don chlárbhliain a bheith ar fáil lena hiniúchadh. Áirítear leis seo cáilíochtaí foirne, cóip d'fhoirm iarratais ar chaipitíocht níos airde na Seirbhíse ELC, aon fhoirmeacha leasaithe a seoladh ar aghaidh i rith na clárbhliana, agus aon chomhfhreagras ó Pobal a dheimhníonn caipitíocht níos airde agus/nó coigeartú ar chaipitíocht níos airde. Má bhíonn aon chúinsí neamhghnácha i gceist ag an Soláthraí Seirbhíse ELC in eagrú a suímh a d'imreodh tionchar ar a gcaipitíocht níos airde a chomhlíonadh, ba cheart dóibh Pobal a chur ar an eolas air seo ag tráth an iarratais.

### 5.12 Asláithreacht Foirne

Má thugann soláthraí seirbhíse patrúin neamhrialta de neamhfhreastal nó asláithreacht ghearrthéarmach faoi deara i measc fhoireann an tseomra caipitíochta níos airde, ar chúiseanna réasúnta (e.g. saoire bhliantúil, saoire bhreoiteachta, méala, force majeure), ní hé go measfar go mbeidh an tSeirbhís ELC neamhchomhlíontach i dtaobh coinníollacha conarthacha. Ba cheart don Soláthraí Seirbhíse ELC taifid a choimeád ar an asláithreacht sin agus an chúis a bhí leis an neamhfhreastal, ar chuspóirí comhlíonta. Sa chás go mbeidh ball foirne an tseomra caipitíochta níos airde as láthair ar feadh tréimhse níos mó ná ceithre seachtaine, áfach, ar pé cúis, caithfidh an Soláthraí Seirbhíse ELC Pobal a chur ar an eolas. Bíonn na coinníollacha céanna i gceist i gcásanna asláithreachta fada a bhíonn i gceist i gcásanna ina bhfágann ball foirne. (Féach Ceisteanna Coitianta) Caibidil 6 Leanbh a Chlárú

## Caibidil 6 Leanbh a iontráil ar Chlár ECCE

### 6.1 Comhaontú ar Fhreastal agus Tairiscint na Seirbhíse

Caithfidh an Bainisteoir Seirbhíse a dheimhniú agus a chomhaontú le tuismitheoirí/caomhnóirí an líon laethanta, saghas an tseisiúin (más infheidhme) agus an patrún freastail a bhfuil an leanbh á chlárú dóibh sula gcláraítear an leanbh d'áit i gClár ECCE.

### 6.12 Foirmeacha Dearbhaithe Tuismitheora

Caithfidh Soláthraithe Seirbhíse a chinntiú go síníonn tuismitheoirí/caomhnóirí Foirm Dhearbhaithe Tuismitheora lena thabhairt le fios go dtuigeann siad téarmaí an chláir agus go bhfuil na sonraí go léir faoi chlárú an linbh cruinn. Caithfidh taifead ar gach comhaontú a bheith á choimeád ar an suíomh ag an Soláthraí Seirbhíse.

### 6.1.3 Patrúin Freastail a Sheiceáil

Caithfear a léiriú i gclárú gach linbh patrún freastail féin an linbh. Sa chás gurb ann do neamhréiteach idir freastal agus clárú, caithfidh an soláthraí cúraim leanaí an clárú a leasú ar an *Hive*. Má theiptear ar chlárú a nuashonrú chun an patrún iarbhír freastail a léiriú, b'fhéidir go mbeidh ró-éileamh dlite don Roinn. Déanfar ró-éilimh a aisíoc i gcomhréir le Comhaontú Cistithe ECCE (Tá Treoracha maidir le Leanbh a Chlárú ar fáil ar an *Hive*).

### 6.2 Cathain Leanbh a Chlárú

Féadfaidh soláthraithe Seirbhíse ELC tús a chur le leanbh a chlárú a fhad le ceithre lá féilire dhéag roimh dháta tosaithe na clárbhliana.

### 6.3 An Dáta is Déanaí chun Clárú a dhéanamh

Is é an tráth is déanaí is féidir le soláthraí Seirbhíse ELC leanbh a chlárú ocht seachtaine i ndiaidh dháta tosaithe an linbh.

### 6.4 Clárú Déanach

I. Tá an ceart ar cosaint ag an DCEDIY chun cistiú a dhiúltú nó gan cistiú a shiardhátú i dtaobh aon "clárú déanach" (i.e. breis agus ocht seachtaine i ndiaidh dháta tosaithe an linbh)
II. Tá an ceart ar cosaint ag an DCEDIY chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomhaontú cistithe seirbhísí ECCE a sheolann "cláruithe déanacha" ar aghaidh go comhsheasmhach.

### 6.5 Neamhfhreastal Linbh ón Dáta Tosaithe

Mura bhfreastalaíonn leanbh laistigh de cheithre seachtaine i ndiaidh an dáta tosaithe, caithfear an clárú a chur ar ceal láithreach bonn agus aisghabhfar aon íocaíocht a fuarthas don leanbh sin.

## Caibidil 7: Freastal

### 7.1 Neamhfhreastal

Murar fhreastail leanbh, ba cheart don Soláthraí Seirbhíse teagmháil a dhéanamh leis an tuismitheoir/caomhnóir lena dheimhniú an chúis a bhí le hasláithreacht an linbh laistigh den chéad seachtain inar cuireadh tús leis an asláithreacht. Nuair nár fhreastail leanbh ar an tseirbhís ar feadh ceithre seachtaine i ndiaidh a chéile, caithfidh an tseirbhís an fágálaí a iontráil ar an *Hive* agus an dáta deireanach a d'fhreastail an leanbh ar an tseirbhís a lua.

### 7.2 Cúinsí Speisialta

Is féidir le seirbhís iarratas a dhéanamh ar Pobal, faoi chúinsí eisceachtúla, chun síneadh a chur leis an gclárú ó cheithre seachtaine go dtí sé seachtaine/dhá sheachtain déag. (Féach, le do thoil, Tábla 3 chun teacht ar chásanna a cháilíonn do 'chúinsí speisialta'). Is féidir le Pobal cruthúnas tacaíochta a lorg i leith cúinsí speisialta. Féadtar a áireamh le cruthúnas inghlactha litir nó deimhniú leighis ar féidir leis an soláthraí é a uaslódáil ar an gcóras (faoi mar a sholáthraíonn an tuismitheoir agus le comhaontú an tuismitheora).

**Sa chás gur féidir, ba cheart do sholáthraithe iarratas a dhéanamh le Pobal ar chúinsí speisialta roimh dheireadh an 4ú seachtain asláithreachta.**

Tábla 3 Cúinsí Speisialta Cáilitheacha

| **Cúinsí Cáilitheacha** | **Asláithreacht Uasta dá bhfuil Fóirdheontas iníoctha** |
| --- | --- |
| Bás duine den neasteaghlach. | 6 seachtaine |
| Taisteal sínte uair sa bhliain go dtí áit bhreithe an linbh nó áit bhreithe ceachtar de thuismitheoirí an linbh. | 6 seachtaine |
| Breoiteacht fhada (breis agus ceithre seachtaine), atá ar an leanbh, ar an tuismitheoir nó ar shiblín. | 12 sheachtain |

Nuair a sheoltar iarratas ar chúinsí speisialta ar aghaidh agus nuair nach bhfuil cúinsí speisialta i gceist, caithfidh an soláthraí dáta deiridh a lua leis an gclárú agus cuirfear deireadh leis an íocaíocht le héifeacht ón dáta deiridh sin (nach féidir leis a bheith níos déanaí ná deireadh na hasláithreachta leanúnaí ceithre seachtaine).

Nuair nach seoltar litir ar bith ar aghaidh i ndiaidh asláithreacht leanúnach sé seachtaine agus nuair nár fhill an leanbh ar an tseirbhís laistigh den am sin, caithfidh an soláthraí dáta deiridh na ceathrú seachtaine a lua mar dháta deiridh an chlárúcháin agus cuirfear deireadh leis an íocaíocht le héifeacht ón dáta deiridh sin.

Nuair a sheoltar litir ar aghaidh i ndiaidh 4 seachtaine ach tráth nach déanaí ná 6 seachtaine ón asláithreacht tosaigh agus luadh dáta deiridh leis an gclárúchán, is féidir an clárúchán a athbhunú.

### 7.3 Laghdú ar Fhreastal agus an *Hive* Luathbhlianta a Nuashonrú

Nuair nach ionann freastal agus clárú i bpátrún comhsheasmhach i gcaitheamh tréimhse ceithre seachtaine, caithfear clárú a nuashonrú chun an patrún iarbhír freastail a léiriú. Caithfidh nuashonrú ar an *Hive* titim amach láithreach i ndiaidh ceithre seachtaine tar éis tús a chur leis an bpatrún freastail laghdaithe. Má theiptear ar chlárú a nuashonrú chun an patrún iarbhír freastail a léiriú, beidh ró-éileamh dlite don Roinn. Déanfar ró-éilimh a aisghabháil i gcomhréir le téarmaí chomhaontú cistithe ECCE.

### 7.4 Gannfhreastal Seasmhach

Nuair is ionann freastal ag níos lú ná na huaireanta cláraithe i ngach ceann de na 4 seachtaine roimhe sin, is féidir leis an Soláthraí Seirbhíse iarratas a dhéanamh ar Pobal chun síneadh a chur leis an gclárú ó cheithre seachtaine go dtí a fhaide le dhá sheachtain déag. Féach Tábla 3, le do thoil: Cúinsí Speisialta Cáilitheacha i mír 7.2 chun teacht ar eolas breise.

Nuair is féidir, ba cheart do sholáthraithe fógra a thabhairt do Pobal roimh asláithreacht leanúnach a bheidh ag teacht aníos nuair a chreideann siad go mbeidh cúinsí speisialta i gceist.

### 7.5 Imeacht ón tSeirbhís

Má fhágann leanbh an tseirbhís, caithfidh soláthraí an *Hive* a nuashonrú láithreach agus an dáta deireanach a d'fhreastail an leanbh ar an tseirbhís a lua. Caithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí fógra ceithre seachtaine a thabhairt do sholáthraithe go mbeidh leanbh ag imeacht ó sheirbhís. Cuirfidh seo ar chumas soláthraithe an *Hive* a nuashonrú agus cuirfear deireadh leis an íocaíocht ar dháta féin an imeachta. I gcásanna nach dtugtar fógra i leith imeachta don soláthraí, is féidir leis an soláthraí fóirdheontas ceithre seachtaine a éileamh in ionad fógra.

Cé gur faoin tuismitheoir/caomhnóir a bhíonn sé a leanbh a bhaint ó sheirbhís ag aon phointe, ní cheadófar dóibh cistiú breise cúraim leanaí a fháil fad a thiomnaítear an cistiú faofa don tseirbhís i rith na tréimhse fógra ceithre seachtaine seo.

### 7.6 Eisceacht le Riail na Tréimhse Fógra Ceithre Seachtaine

Is féidir le tuismitheoir/caomhnóir a leanbh a bhaint ó sheirbhís agus iad a athchlárú i seirbhís nua gan a bheith orthu an tréimhse fógra ceithre seachtaine a thabhairt nuair a thug Tusla fógra do sheirbhís go bhfuil siad le baint ó chlár Tusla.

## Caibidil 8: Taifid a Choimeád

### 8.1 Oibleagáidí Soláthraí Seirbhíse

Caithfidh soláthraithe seirbhíse cuntas cruinn a choimeád ar **freastal iarbhír** gach linbh, amanna teachta agus imeachta laethúla ina measc do gach leanbh. Caithfidh gurb ionann clárú na seirbhísí ar an *Hive* agus an freastal iarbhír (freastal iarbhír an linbh, seachas amanna oscailte an tseisiúin/na seirbhíse) faoi mar a cuireadh i gcuntas sna taifid freastail. Is féidir teacht ar chóip de thaifid freastail dea-chleachtais ag Aguisín 2 sa cháipéis seo.

### 8.2 Riachtanas chun Taifid Freastail a Choimeád

Coimeádfaidh an Soláthraí Seirbhíse Faofa taifid freastail de na leanaí cláraithe ina gcuirtear i gcuntas na huaireanta laethúla freastail, ina léirítear ainm iomlán an linbh, dáta an fhreastail agus am teachta agus am imeachta an linbh agus ainm an duine atá freagrach (fostaí, oibrí deonach nó duine ar taithí oibre) as gach teacht agus imeacht a chur i gcuntas. Caithfear a léiriú sa taifead freastail do gach seomra go cruinn na leanaí sa seomra, agus caithfear é a nuashonrú nuair a fhágann nó nuair a iontrálann leanbh.

Caithfidh an Soláthraí Seirbhíse teacht agus imeacht gach linbh a chur i dtaifead i bhfíor-am. Caithfear taifid freastail a choimeád ar an mbealach cuí sin ar dóthanach é lena dheimhniú fad iarbhír freastail gach linbh a ainmnítear i dtaobh uaireanta. Caithfear ainm an linbh a chur i dtaifead ar bhealach comhsheasmhach le patrúin freastail a shainaithint (i.e. más bileoga seachtainiúla atá i gceist leis na taifid freastail, ba cheart go mbeadh ainm an linbh curtha i gcuntas san ord céanna. Moltar go mór formáidí freastail sheachtainiúil a úsáid (seachas formáidí a choimeádtar ar leithligh gach lá) mar gheall go gcabhraíonn siad le patrúin freastail a dheimhniú. Anuas air sin, ba cheart na pointí seo a leanas a thabhairt faoi deara:

1. Taifid freastail /leabhair rolla ar leith a choimeád do gach seisiún/seomra.
2. Nuair a úsáidtear taifid foinse chun freastal a thras-scríobh chuig taifead tánaisteach, caithfear na taifid foinse a choimeád agus a chur ar fáil lena n-iniúchadh.

3. Má aistríonn leanbh go seomra eile i rith an lae, ba cheart go mbeifear in ann seo inaitheanta trí na taifid freastail.
4. Luaigh ainm iomlán an Linbh (de réir thaifid an *HIVE*).
5. Coimeád ainmneacha leanaí de réir sraith chomhsheasmhach ar fud an chórais. Coimeád taifid ar leanaí a d'fhág an tseirbhís i.e. ná scrios iad nó ná forscríobh orthu.
6. Caithfear an asláithreacht go léir a chur i dtaifead.
7. Cinntigh go gcomhlánaíonn ball foirne a oibríonn sa seomra taifid freastail/ leabhair rolla.
8. Leabhar sínithe isteach agus amach an tuismitheora a choimeád glan amach ó na Taifid Freastail/leabhair rolla.
9. Iontráil am teachta agus imeachta do gach leanbh laistigh den tseirbhís, clubanna Iarscoile agus Bricfeasta ina measc. Ná húsáid ticeanna.
10. Nuair a choimeádtar taifid pháipéir, ba cheart go gcuirfí i dtaifead orthu freastal gach linbh i bhfíor-am i bhformáid sheachtainiúil, mar shampla, faoi mar a léirítear i bhfíor 1 thíos.
11. Nuair a choimeádtar taifid leictreonacha, caithfidh an tseirbhís an freastail i bhfíor-am a chur i dtaifead agus a bheith in ann tuairiscí seachtainiúla/míosúla a thaispeáint do leanaí aonair ina dtaispeántar a leibhéal freastail don timthriall go dtí seo. **Ba cheart go mbainfeadh tuairiscí go sonrach le seomraí agus seisiúin faoi mar a bheidís nuair a choimeádfaí iad i bhfoirm pháipéir.**

Déanfar athbhreithniú ar thaifid freastail i rith cuairteanna comhlíonta. Féach Aguisín 2, le do thoil, chun teacht ar eolas breise.

### 8.3 Teip ar Thaifid Chuí Freastail a Choimeád

Má theiptear ar thaifid freastail chuí a choimeád, b'fhéidir go measfar gur freastalaíodh náid uaireanta. Féadfaidh an DCEDIY íocaíochtaí amach anseo a aistarraingt ón soláthraí agus/nó a iarraidh go n-aisíoctar aon ró-éileamh a rinneadh ar airgead a íocadh cheana féin don tréimhse atá i gceist.

Má theiptear ar thaifid freastail dhóthanacha a choimeád (e.g. nuair a choimeádtar taifid freastail, ach i bhformáid nach gcuireann ar chumas oifigigh a thugann cuairt chomhlíonta na huaireanta a dheimhniú a d'fhreastail leanbh, ar nós trí "ticeanna" a úsáid), b'fhéidir go measfar gur freastalaíodh an líon íosta uaireanta (i.e. seirbhís sheisiúnach/leathsheisiúnach). Is féidir leis an DCEDIY íocaíochtaí amach anseo a aistarraingt ón soláthraí agus/nó a iarraidh go n-aisíoctar aon ró-éileamh a rinneadh ar airgead a íocadh cheana féin don tréimhse atá i gceist.
Má theiptear taifid a choimeád san fhormáid a iarrtar, b'fhéidir go ndeimhneofar neamhchomhlíonadh. D'fhéadfadh seirbhís a bheith thíos le hÍocaíocht Tacaíochta Cláir a chailleadh agus/nó d'fhéadfadh sé tionchar diúltach a imirt ar iarratais ar chistiú Caipitil don ELC nó SAC amach anseo má dheimhnítear neamhchomhlíonadh.

Féach Aguisín 2, le do thoil, chun teacht ar eolas breise.

## Caibidil 9: Comhlíonadh

### 9.1 Freagracht Soláthraí Seirbhíse

Tá freagracht ar an Soláthraí Seirbhíse ELC comhlíonadh a riachtanas conarthacha a chinntiú, lena n-áirítear cloí leis an gcáipéis rialacha seo. Ba cheart do Sholáthraithe Seirbhíse a chinntiú go dtuigeann siad agus go gcloíonn siad le hábhair na cáipéise seo, anuas ar Chomhaontú Cistithe ECCE agus na Treoracha atá ar fáil ar an *Hive*.

**Má theipeann ar sheirbhís comhlíonadh, b'fhéidir go bhfágfar as an áireamh iad ón Íocaíocht Tacaíochta Cláir agus/nó ó Chistiú Caipitil agus/nó b'fhéidir go gcuirfear Cistiú Chlár Lacáiste ECCE ar fionraí agus/nó b'fhéidir go gcuirfear deireadh leis an gComhaontú Cistithe.**

D'fhonn cuairteanna comhlíonta a dhéanamh chomh héifeachtúil agus is féidir i measc soláthraithe agus oifigigh ar cuairt araon, ba cheart go gcinnteodh soláthraithe seirbhíse go gcoimeádtar a gcomhad comhlíonta cothrom le dáta agus go gcuimsítear ann:

- taifid freastail;
- Litreacha eolais faoi tháillí seirbhíse;
- sonraí rollaithe (díolúine íosta rollaithe, sa chás gurb iomchuí, ina measc);
- Litreacha ó thuismitheoirí/chaomhnóirí;
- Taifid ar tháillí;
- Cáilíochtaí foirne; agus litir cháilíochta;
- Litir maidir le síneadh ar dhearbhú marthanaithe, de réir mar is infheidhme;
- Foirmeacha caipitíochta níos airde;
- Fianaise gur cláraíodh le Tusla.

**Caithfear an comhad comhlíonta a choimeád ar an láthair agus caithfidh go mbíonn fáil air lena iniúchadh ag gach tráth**.

Ba cheart go gcinnteodh seirbhísí an méid seo a leanas, chomh maith:

- Tá clárú *Hive* Luathbhlianta i gceart,
- Taispeántar Liosta Táillí agus Féilire Seirbhíse *Hive* Luathbhlianta, i gcás gach cláir fhaofa chistithe, go soiléir do thuismitheoirí, agus
- Tá ball foirne ar an láthair ag gach tráth a bhfuil rochtain aige/aici ar an gcomhad comhlíonta agus ar féidir leis/léi an chuairt a éascú. Tabhair faoi deara, le do thoil, má tá fáil gan stró ar na taifid chun athbhreithniú a dhéanamh orthu, ní chuirfear isteach, ach a laghad, ar an tSeirbhís ELC, seachas soiléiriú a lorg, nuair is gá.

### 9.2 Cuairteanna Comhlíonta

i. Caithfidh seirbhísí cuairteanna comhlíonta a éascú a thabharfar gan fógra, rochtain ar an áitreabh, an pearsanra agus na taifid ábhartha ina measc.

ii. Caithfidh an cháipéisíocht go léir a bhaineann le gnóthaí airgeadais na seirbhíse, cuntais, taifid táillí, cáilíochtaí foirne, PIP, liostaí táillí, cláir agus taifid freastail ina measc a bheith ar an láthair ag gach tráth. Caithfear na taifid seo a choimeád do thréimhse íosta seacht mbliana ó dháta éagtha an Chomhaontaithe Cistithe.

iii. Is féidir le hoifigigh cuairte comhlíonta aon leabhair, taifid nó cáipéisí eile (leabhair, taifid nó cáipéisí ina measc a stóráiltear i bhfoirm neamh-inléite) a iniúchadh nó cóipeanna nó sleachta a ghlacadh díobh, a dtagann sé/sí orthu i gcaitheamh a c(h)igireacht a dhéanamh.

## Caibidil 10: Force Majeure

### 10.1 Force Majeure agus Cistiú

Ceadaíonn Force Majeure do pháirtí chun tabhairt faoina (h)oibleagáidí a chur ar fionraí nó deireadh a chur leo nuair a thagann cúinsí áirithe aníos nach bhfuil smacht acu orthu. Níl oibleagáid ar bith ar an Roinn chun laethanta 'force majeure' a chistiú agus déantar amhlaidh ar a rogha féin.

Baineann beartas force majeure an DCEDIY le force majeure conarthach (ní hionann sin agus force majeure fostóra).

### 10.2 Clásal Force Majeure

"Más rud é go gcuireann agus má chuireann cúinsí bac nó cosc ar cheachtar páirtí ("an Páirtí a ndearnadh Difear dó/di") nach bhfuil laistigh dá c(h)umas réasúnta a rialú, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do, gníomhartha Dé, drochaimsir, tuile, tintreach, dóiteán, díospóidí trádála, stailceanna, glasáil amach, gníomhartha sceimhlitheoireachta, cogadh, oibríochtaí míleata, eipidéim, paindéim, gníomhartha nó easnaimh tríú páirtithe nach bhfuil an Páirtí a ndearnadh Difear dó/di freagrach astu ("Force Majeure") ó thabhairt faoi aon chinn dá (h)oibleagáidí faoin gComhaontú seo, bainfear dliteanas den Pháirtí a ndearnadh Difear dó/di as teip ar thabhairt faoi na hoibleagáidí siúd."

**(Comhaontú Cistithe ECCE 2021-2022, Clásal 12.2)**

### 10.3 Teagmhas Force Majeure a Thabhairt le Fios

Caithfidh Soláthraithe teagmháil a dhéanamh le Pobal le hiad a chur ar an eolas go bhfuil sé ar intinn acu cur isteach ar force majeure ag tús an teagmhais atá i gceist, agus cuntas gearr a thabhairt ar an tsaincheist agus ar an líon laethanta a mheastar go mbeidh an tseirbhís dúnta.

### 10.4 Spriocdháta an Phróisis Éilimh Force Majeure

Ba cheart do Sholáthraithe Seirbhíse force majeure a éileamh go foirmiúil ar Pobal trí iarraidh ar sheirbhís a dhéanamh ar an *Hive* trí "*User Account Management*" a roghnú faoi *Programme Type*, "Force Majeure" a roghnú faoin gcatagóir agus an fhochatagóir ábhartha a roghnú ansin. Caithfear iarraidh ar sheirbhís a dhéanamh tráth nach déanaí ná 3 lá i ndiaidh an teagmhais, fiú má bhíonn an teagmhas ar bun go leanúnach.

## Caibidil 11: Feighlithe Leanaí

### 11.1 Sainmhíniú ar Fheighlí Leanaí

Is éard is feighlí leanaí ann ná duine féinfhostaithe a thugann cúram do leanaí daoine eile ina dteach féin. Cuireann siad seirbhís sholúbtha ar fáil, a shaincheaptar do gach leanbh, agus cabhraíonn siad, leis sin, le tuismitheoirí agus caomhnóirí cothromaíocht a bhaint amach idir a n-obair agus dualgais teaghlaigh.

### 11.2 Feighlithe Leanaí agus Clárú Tusla

Caithfidh feighlithe leanaí a bhfuil conradh acu do Chlár ECCE a bheith cláraithe le Tusla. Le bheith cláraithe le Tusla, caithfidh feighlí leanaí na riachtanais a shásamh maidir le feighlithe leanaí faoi mar a dtugtar cuntas orthu i Child Care Act 1991 (Early Years Services) (Amendment) Regulations 2016 (tá brón orainn nach bhfuil leagan Gaeilge ar fáil) agus Childcare Act 1991(Registration of School Age Services) Regulations 2018 (tá brón orainn nach bhfuil leagan Gaeilge ar fáil).

Caithfidh feighlí leanaí cúigear leanaí incháilithe ECCE a bheith aige/aici chun clár ECCE a sholáthar agus a bheith cláraithe le Tusla.

Ba cheart d'fheighlí leanaí ar gá dó/di clárú iarratas a dhéanamh chun clárú mar fheighlí leanaí réamhscoile má thugann siad cúram do níos mó leanaí réamhscoile ná leanaí ar aois scoile, agus mar fheighlí leanaí ar aois scoile má thugann siad cúram do níos mó leanaí ar aois scoile ná leanaí réamhscoile. Caithfidh feighlithe leanaí a bheith cláraithe le Tusla chun ECCE a sholáthar.

Chun teacht ar eolas breise ar na ceanglais rialála d'fheighlithe leanaí, féach, le do thoil Quality and Regulatory Framework for Childminders (QRF) ar láithreán gréasáin Tusla (is oth linn nach bhfuil leagan Gaeilge den acmhainn seo ar fáil) agus ar na Treoirlínte maidir le Rollú Íosta ECCE, atá ar fáil ag: https://assets.gov.ie/49772/b0a0666b5bfe4e03aac89c01409964c0.pdf (is oth linn nach bhfuil leagan Gaeilge den acmhainn seo ar fáil).

## Caibidil 12: Riachtanais Airgeadais

Riachtanas buntábhachtach is ea é go gcuirtear an t-airgead go léir i dtaifead go cuí agus go n-úsáidtear é ar an gcuspóir dá mbeartaíodh.

Coimeádfaidh an Soláthraí Seirbhíse ELC eolas cothrom le dáta faoi leanaí a chlárú ar an *Hive*. Má theipeann ar sheirbhís comhlíonadh, b'fhéidir go gcuirfear cistiú ar fionraí agus/nó b'fhéidir go gcuirfear deireadh leis an gComhaontú Cistithe ECCE.

Coimeádfaidh an Soláthraí Seirbhíse ELC taifid chuí lena chur ar chumas na Roinne nó gníomhairí a ghníomhaíonn thar a ceann (Pobal ina measc) a fhíorú go gcomhlíontar téarmaí ginearálta Chomhaontú Cistithe an ECCE. Ach go háirithe, **áireofar clár freastail** leis na taifid siúd **ina léirítear go soiléir dátaí, amanna agus faid an fhreastail do gach leanbh a shainaithnítear ar bhonn aonair gach lá a fhreastalaíonn an leanbh.** Ba cheart taifid ar ioncam agus caiteachas a choimeád cothrom le dáta agus ar fáil ar mhaithe lena bhfíorú.

Má theipeann ar an Soláthraí Seirbhíse ELC taifid chruinne freastail agus/nó na sonraí cruinne faoi chlárú an linbh a nuashonrú, faoi mar a iarrtar i gClásal 7.3 de Chomhaontú Cistithe ECCE 2021/2022, cuirfear cistiú ECCE ar fionraí láithreach agus/nó b'fhéidir go mbeidh gá le hairgead a ró-éilíodh a íocadh cheana féin a aisíoc agus b'fhéidir go ndéanfar deireadh a chur le Comhaontú Cistithe ECCE dá bharr.

Coimeádfaidh an Soláthraí Seirbhíse ELC cuntais chuí bhliantúla do gach bliain airgeadais i gcomhréir leis na hamscálaí a leagann an Oifig um Chlárú Cuideachtaí amach (do chuideachtaí teoranta) nó a leagann na Coimisinéirí Ioncaim amach (le haghaidh aonáin neamhchorpraithe). Caithfear cóipeanna de na cuntais siúd a sholáthar do Pobal ar iarraidh.

Cuirfidh an Soláthraí Seirbhíse ELC cistí poiblí a fuarthas i gcuntas ar leithligh agus cinnteoidh sé/sí go bhfuil taifid chuí airgeadais á gcoimeád.

Léireoidh an Soláthraí Seirbhíse ELC meas ar agus comhlíonfaidh sé/sí an ról reachtúil agus freagrachtaí rialála agus cuntasachta poiblí na Roinne, a gníomhairí agus comhlachtaí reachtúla ábhartha eile agus ag gach tráth, comhoibreoidh sé/sí go hiomlán leis an Roinn, a gníomhairí agus gach comhlacht reachtúil eile ina leith seo.

## Caibidil 13: Ceisteanna Coitianta faoi Chlár ECCE

### 13.1 An féidir le Leanbh Aistriú ó Sheirbhís Amháin chuig Ceann eile?

Is féidir. Caithfidh tuismitheoir/caomhnóir fógra ceithre seachtaine ECCE a thabhairt don Soláthraí Seirbhíse ELC go mbeartaíonn siad a leanbh a aistriú chuig seirbhís eile nó chun an tseirbhís reatha a fhágáil. (Tabhair faoi deara, le do thoil, ní áirítear le seachtainí ECCE na seachtainí a bhíonn seirbhís dúnta le linn saoirí).

### 13.2 Cad é Patrún Freastail?

Tá ar sholáthraithe seirbhíse a chinntiú gurb ionann clárú ar an *Hive* agus patrúin iarbhír freastail. Caithfidh soláthraí seirbhíse monatóireacht a dhéanamh ar fhreastal i gcaitheamh tréimhse ceithre seachtaine lena dheimhniú go bhfuil an clárú do gach leanbh bunaithe ar fhreastal iarbhír. Nuair a theipeann ar leanbh go comhsheasmhach, i gcaitheamh tréimhse ceithre seachtaine, chun freastal ar leibhéal sainaitheanta seirbhíse faoi mar a comhaontaíodh (mar shampla – freastal ar feadh ceithre lá seachas cúig lá), caithfidh an Soláthraí Seirbhíse ELC clárú ar an *Hive* a nuashonrú chun seo a thabhairt le fios.

### 13.3 An féidir le Tuismitheoir/Caomhnóir an Líon Laethanta Freastail a Athrú?

Is féidir, más féidir leis an Soláthraí Seirbhíse ELC freastal ar an iarraidh.

### 13.4 An féidir le Feighlí Leanaí ECCE a sholáthar?

Is féidir. Caithfidh feighlí leanaí cúigear leanaí incháilithe ECCE a bheith aige/aici chun clár ECCE a sholáthar agus a bheith cláraithe le Tusla.

### 13.5 Conas a dhéanaim iarratas ar Chaipitíocht Níos Airde?

Éascaíonn Pobal iarratais ar Chaipitíocht Níos Airde ECCE. Ba cheart gach iarratas a dhéanamh tríd an *Hive* agus ba cheart gach ceist i ndáil le Caipitíocht Níos Airde ECCE a chur faoi bhráid Pobal. Beidh Treoir maidir le Caipitíocht Níos Airde ECCE ar fáil ar láithreán gréasáin Pobal. Ba cheart do sholáthraithe seirbhíse an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- Ba cheart do Sholáthraithe Seirbhíse cóipeanna a chur san áireamh de cháilíochtaí uile na foirne lena n-iarratas gach bliain.
- Beidh eolas ag teastáil ó Pobal maidir le gach seomra ECCE sa tseirbhís (idir Chaipitíocht Chaighdeánach agus Chaipitíocht Níos Airde). Nuair a chuirtear isteach ar Chaipitíocht Níos Airde, caitheann soláthraithe seirbhíse gach seisiún Caipitíochta Caighdeánaí a fhógairt. Mar sin féin, ní bheidh sonraí na baill foirne sna seisiúin Caipitíochta Caighdeánaí ag teastáil ó Pobal.

### 13.6 Cad a tharlaíonn má éiríonn Ceannaire Seomra Leibhéal 7 as?

Má éiríonn Ceannaire Seomra Leibhéal 7 as, caithfidh an Soláthraí Seirbhíse ELC a bhfoirm Chaipitíochta Níos Airde ECCE a leasú ar an *Hive*. Caithfear a thabhairt le fios air seo dáta fágála an Cheannaire Seomra Leibhéal 7 agus dáta tosaithe an Cheannaire Seomra Leibhéal 7 a thagann ina (h)ionad. Mura mbíonn an Ceannaire Seomra Leibhéal 7 a thagann ina (h)ionad incháilithe do Chaipitíocht Níos Airde, fillfidh an tSeirbhís ELC ar Chaipitíocht Chaighdeánach i ndiaidh ceithre seachtaine. Eascróidh neamhchomhlíonadh as an méid seo a leanas:

- Teip ar Pobal a chur ar an eolas ar athrú ar Cheannaire Seomra Leibhéal 7 i seomra Caipitíochta Níos Airde; agus/nó
- Teip ar dhátaí cearta fágála/tosaithe na foirne a chur i dtaifead nuair a bhíonn an fhoirm Chaipitíochta Níos Airde á leasú.

### 13.7 Ar cheart dom Fianaise a sheoladh ar aghaidh i leith Thaithí Oibre Cheannaire Seomra Caipitíochta Níos Airde ECCE?

Ba cheart don Soláthraí Seirbhíse ELC an taithí trí bliana a dheimhniú trína ngnáthphróiseas earcaíochta (C.V., teistiméireachtaí, etc.). Ar an bhfoirm iarratais ar Chaipitíocht Níos Airde ECCE, ba cheart don Soláthraí Seirbhíse ELC an méid iomlán taithí oibre i mblianta a thabhairt le fios. Nuair a bhíonn seo á dhéanamh, tá gealltanas á thabhairt ag an Soláthraí Seirbhíse ELC go bhfuil siad sásta maidir le dlisteanacht na taithí oibre. Ní bheidh fianaise i leith thaithí oibre an Cheannaire Seomra mar chuid den chigireacht ghinearálta chomhlíonta ach féadfaidh an DCEDIY í a iarraidh, más gá.

### 13.8 Caipitíocht Níos Airde don Fhoireann Pháirtaimseartha?

Níl. Ní féidir íocaíochtaí caipitíochta níos airde a mhiondealú chun baill foirne pháirtaimseartha a chur san áireamh. Ba cheart go mbeadh an fhoireann fhaofa ag oibriú sa seomra caipitíochta níos airde gach lá faoi chúinsí rialta.

### 13.9 Cad a tharlaíonn má bhíonn Ceannaire Seomra Leibhéal 7 as láthair mar gheall ar Bhreoiteacht nó ar Saoire Bhliantúil?

Ceadaítear patrúin neamhrialta neamhfhreastail nó asláithreacht ghearrthéarmach i measc fhoireann an tseomra Caipitíochta Níos Airde ar chúiseanna réasúnta (ar nós saoire bhliantúil, saoire bhreoiteachta, méala, force majeure). Ba cheart don Soláthraí Seirbhíse ELC taifid a choimeád ar an asláithreacht sin agus an chúis a bhí leis an neamhfhreastal, ar chuspóirí comhlíonta.

### 13.10 Asláithreacht Fhada Foirne

Sa chás go mbeidh ball foirne an tseomra caipitíochta níos airde as láthair ar feadh tréimhse níos mó ná ceithre seachtaine, ar pé cúis, caithfidh an tSeirbhís ELC Pobal a chur ar an eolas. Bíonn na coinníollacha céanna i gceist i gcásanna asláithreachta fada a bhíonn i gceist i gcásanna ina bhfágann ball foirne.

### 13.11 Cad a tharlaíonn leis an bhfigiúr Coibhéis Lánaimseartha (FTE) Chaipitíochta Níos Airde má fhágann leanbh seirbhís?

Braitheann sé ar stádas na seirbhíse.

Más seirbhís Caipitíochta Níos Airde lánaimseartha atá i gceist (tá stádas Caiptíochta Níos Airde ag gach seisiún), déanfar an FTE a ríomh go huathoibríoch de réir na clárúcháin faofa ar ECCE agus/nó aon athruithe déanta. Déanfar an córas aon athruithe sna laethanta freastail (má cuirtear fágálaí isteach,

má thosaíonn leanbh nua) a chlárú go huathoibríoch, agus déanfar an íocaíocht ar Chaipitíocht Níos Airde a athríomh dá réir.

Más seirbhís Caipitíochta Níos Airde páirteach atá i gceist (meascán idir seisiúin ar Chaipitíocht Níos Airde agus Caipitíocht Chaighdeánach), caitheann an soláthraí seirbhíse an FTE ECCE a chur isteach de láimh agus é/í ag cur isteach ar Chaipitíocht Níos Airde ar dtús. Mura gcuirtear isteach an FTE de láimh, luach 0 a bheidh san íocaíocht Caipitíochta Níos Airde. Má bhíonn aon athrú ar an FTE ECCE i seisiúin Caipitíochta Níos Airde le linn Ghairm an Chláir (athrú sna laethanta freastail, fágálaí, leanbh nua ag freastal) caithfidh an soláthraí seirbhíse é a nuashonrú go rialta san iarratas ar Chaipitíocht Níos Airde, ionas go mbeidh na híocaíochtaí ar Chaipitíocht Níos Airde cruinn.

### 13.12 An féidir liom Ceannaire Seomra Leibhéal 7 amháin a bheith agam do dhá sheomra ECCE idircheangailte?

Ní féidir. Is féidir íocaíochtaí caipitíochta níos airde a chur i bhfeidhm ar bhonn gach seomra ECCE laistigh de do sheirbhís. Sa chás seo, bheadh ort ceannaire seomra Leibhéal 7 a bheith i ngach seomra chun cáiliú do chaipitíocht níos airde.

### 13.13 Cad a tharlaíonn más maith liom mo Sheirbhís a shíneadh agus má osclaím Seomra eile?

Má tá an seomra nua lonnaithe sa tsaoráid chéanna, ba cheart duit a chinntiú go seoltar fógra/clárúchán ábhartha chuig Tusla, sa mhullach ar shonraí faoin bhfairsingiú beartaithe a sheoladh chuig do CCC áitiúil.
Má tá an seomra nua ag láthair eile, meastar gur saoráid nua í seo agus teastóidh uimhir nua an DCEDIY agus comhaontú cistithe ECCE ar leith uaidh. Braitheann comhaontú cistithe ECCE a sholáthar air go mbíonn an tsaoráid nua cláraithe go cuí le Tusla. Ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le Pobal agus iarratas a dhéanamh ar Uimhir Thagartha Seirbhíse nua.

### 13.14 Cathain a dhéantar íocaíochtaí?

Is féidir sceidil íocaíochta do Chláir Chistithe Cúraim Leanaí a íoslódáil ó leathanach baile an *Hive* ag www.earlyyearshive.ncs.gov.ie. Ba cheart go n-áireofaí le híocaíochtaí Caipitíocht Níos Airde agus Chaighdeánach/AIM Leibhéal 1, sa chás gur cuí. Deimhníonn an tSeirbhís seachtainí Neamh-Iníoctha ar an bhFéilire Seirbhíse ELC a dhéanann an tSeirbhís ELC a iontráil ag tús Ghairm an Chláir.

# Aguisín 1 Cáipéis Roghanna Breise

## Treoir maidir le Roghanna Breise ECCE 21/22

**Léargas Ginearálta ar Roghanna Breise ECCE:**
Ceann de chroíphrionsabail ECCE is ea go bhfuil sé saor in aisce do gach tuismitheoir. Ar an ábhar sin, b'fhearr leis an DCEDIY go mbíonn an líon is lú agus is féidir earraí ag seirbhísí atá ina roghanna breise do leanaí a fhreastalaíonn ar ECCE agus moltar go ndéanann Soláthraithe Seirbhíse go dtiteann gníomhaíochtaí a ngearrtar costas orthu amach lasmuigh de thrí huaire an chloig chlár ECCE.

Seachas seirbhísí 'seisiúnach amháin', **<u>ní féidir aon am breise a chur san áireamh mar rogha bhreise</u>**. Tá sé ríthábhachtach nach mbraitheann aon leanbh riamh go bhfuil siad á bhfágáil as an áireamh mura bhfuil páirt á glacadh acu i ngníomhaíocht atá ina rogha bhreise. Níor cheart aon ghníomhaíocht bhreise a chur ar siúl ar bhealach a mbraithfeadh leanaí nach bhfuil páirt á glacadh acu go bhfuil siad á bhfágáil as an áireamh dá bharr. **Ní cheadaítear costas a ghearradh ar earraí a mbíonn súil leis go gcuirfí ar fáil iad mar chuid de sheirbhís réamhscoile (e.g. ábhair ealaíon agus cheardaíochta).** Ar an gcuma chéanna, níl cead ag seirbhísí critéir a dhéanamh d'íoc as roghanna breise chun cead isteach go dtí an tseirbhís a fháil, nó chun liosta seirbhísí breise a chur le chéile isteach in aon rogha amháin ar an liosta táillí. Caithfidh aon roghanna breise a bheith roghnach ar bhonn aonair, agus is gá costas saincheaptha aonair a ghearradh ar gach rogha bhreise dá bharr.

Nuair a tharlaíonn rogha bhreise i rith seisiún ECCE, **caithfear seisiún iomlán ábharbhunaithe a chur ar fáil do leanaí nach bhfuil ag freastal ar an ngníomhaíocht roghnach**, agus **caithfear an cóimheas riachtanach idir leanaí agus daoine fásta a choimeád** i measc leanaí a bhfuil páirt á glacadh acu sa rogha bhreise, agus i measc na leanaí siúd nach bhfuil páirt á glacadh acu ann.

Mura dteastaíonn rogha bhreise ó theaghlach a thuilleadh a ndearnadh comhaontú air roimhe seo, caithfidh cead a bheith acu aistarraingt uaidh. Cé go bhféadfadh fógra a bheith ag teastáil don aistarraingt siúd, caithfidh nach sáraíonn sé ceithre seachtaine.

Tá an ceart ar cosaint ag an DCEDIY chun cur leis an dá liosta earraí a cheadaítear agus nach gceadaítear thíos. Chun teacht ar eolas breise ar roghanna breise, ba cheart do sholáthraithe seirbhíse teagmháil a dhéanamh leis na CCCanna.

**Roghanna breise a cheadaítear:**

(Cuirfidh seirbhísí go leor díobh seo ar fáil saor in aisce)

- **Bia** (caithfidh an rogha a bheith ag leanaí freisin chun a sneaic/lón féin a thabhairt leo, ina ionad sin)
- **Imeachtaí de shaghas "Gymboree"** (nuair a chuireann soláthraithe seachtracha gníomhaíocht oideachais nó shiamsaíocht-bhunaithe ar siúl)
- **Clúidíní/bríste clúidín** (nuair is infheidhme)
- **Naprúin/forléinte** (caithfear an rogha a cheadú freisin go gcaitheann leanaí a gcinn féin)
- **Bácáil** (nuair is cuid rialta den chlár í)
- **Turas scoile amháin** a n-íoctar as

**Roghanna breise nach gceadaítear:**

- Nóiméid/uaireanta breise (gan seirbhísí seisiúnacha <u>amháin</u> a áireamh, nach féidir leo ach 30 nóiméad breise <u>roghnach</u> a chur ar tairiscint)
- Ábhair Ealaíon agus Cheardaíochta
- Táillí Áirithinte (is féidir éarlais áirithinte in-aisíoctha a ghlacadh, ach níor cheart níos mó a bheith i gceist leis ná caipitíocht ceithre seachtaine, agus caithfear é a aisíoc a luaithe a bhíonn an leanbh cláraithe ar an *Hive*)
- Nuair a mhaítear go gcuirtear caighdeán níos airde ar fáil, nó go bhfuil cóimheasa níos ísle foirne ná mar atá i seirbhísí eile rannpháirteacha
- Curaclaim éagsúla
- Dioplóma/Gúna um baint amach céime
- Árachas
- Cártaí tuairisce
- Drámaí/ceolchoirmeacha scoile
- "Solúbthacht" neamhshonraithe (maidir le hamanna fágála agus bailithe)
- Síntiúis dheonacha
- Bileoga oibre

**<u>Aon rud</u>** a theastaíonn ó pháirt éifeachtach a ghlacadh in ECCE.

# Aguisín 2

## Treoir Dhea-Chleachtais - Taifid Freastail

Riachtanas atá i dtaifid mhaithe freastail a choimeád ar mhaithe le **Rialacha an DCEDIY maidir le Clár ECCE agus** **Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016** a chomhlíonadh.**Is féidir taifid freastail a choimeád i bhformáidí éagsúla e.g. leabhair rolla, formáidí seachtainiúla bileoige nó formáidí leictreonacha.** Ní ordaíonn Pobal/an DCEDIY aon fhormáid ar leith a úsáid, ach ó pheirspictíocht dea-chleachtais, áfach, tá roinnt leideanna curtha le chéile againn faoi conas is féidir freastal a thaifeadadh go comhsheasmhach chun riachtanais Chláir Chistithe an DCEDIY a shásamh. Chun teacht ar thacaíocht bhreise, déan teagmháil, le do thoil, le do Choiste Contae/Cathrach i gCúram Leanaí áitiúil.

### Ón Tús

- Cinntigh go bhfuil taifid freastail /leabhair rolla ann do gach seisiún/seomra, clubanna bricfeasta san áireamh.
- Luaigh ainm iomlán an Linbh (de réir thaifid Luathbhlianta ar an *Hive*) - Ná húsáid leasainmneacha.
- Coimeád ainmneacha leanaí de réir sraith chomhsheasmhach ar fud an chórais (éascaíonn seo freastal a rianú). Má thosaíonn leanbh nua leis an tSeirbhís ELC, cuir a n-ainm le bun an liosta.
- Úsáid peann gránbhiorach, ná húsáid peann luaidhe.
- Cinntigh go bhfuil fáil ar thaifid freastail/ leabhair rolla ó thús an chórais (nuair a d'éag tréimhse chláraithe linbh ina measc).
- Cinntigh go gcomhlánaíonn ball foirne a oibríonn sa seomra taifid freastail/ leabhair rolla.
- Coimeád Leabhar Sínithe Isteach agus Amach an Tuismitheora glan amach ó na Taifid Freastail /leabhair rolla (más gá).
- Ná húsáid bileoga/dialanna aonair laethúla.
- Dátaigh seachtain an fhreastail.

### Gach Lá

- Iontráil am teachta agus imeachta do gach leanbh laistigh den tSeirbhís ELC, clubanna Iarscoile ina measc. (Nuair a bhailíonn seirbhís leanaí ó scoil chun iad a thabhairt chuig seirbhís iarscoile, cuir freastal i gcuntas, le do thoil, ón am a bhíonn na leanaí faoi fhreagracht na Seirbhíse ELC). Ná húsáid ticeanna. Cuir freastal i dtaifead i bhfíor-am, faoi mar a tharlaíonn teacht agus/nó imeacht.
- Cinntigh go gcuirtear freastal Foirne i gcuntas gach lá ar gach taifead freastail/leabhar rolla gach seomra/seisiúin.

### Asláithreacht/ Fágálaí/ Daoine atá

- Bí comhsheasmhach nuair a bhíonn neamhfhreastal á dhoiciméadú e.g. úsáid X i gcónaí nuair a bhíonn duine as láthair.
- Má fhágann leanbh an tSeirbhís ELC, fág an t-ainm ar an leabhar rolla agus cuir líne trí na laethanta eile de chóras an chláir lena thaispeáint gur fágálaí atá sa leanbh.
- Má bhogann leanbh seisiún/seomra laistigh den tSeirbhís ELC i rith an chórais – iontráil nóta leis seo a thabhairt le fios ar thaifid freastail/ leabhair rolla.
- Má roinneann leanbh a lá/seachtain ar bhonn leanúnach idir seisiúin/seomraí éagsúla – iontráil nóta leis seo a thabhairt le fios ar thaifid freastail/ leabhair rolla.
- Ba cheart leanbh a chur i dtaifead i dtaifead freastail do gach seomra ar a bhfreastalaíonn siad má bhogann siad seomraí i rith lae/seachtaine.
- Ná húsáid Tippex ar an mbileog freastail/leabhar rolla Coimeád an t-eolas infheicthe má d'fhág leanbh.

### Bileoga

- Má tá bileoga seachtainiúla á n-úsáid, coimeád in ord dáta iad agus coimeád go slán

### Taifid Leictreonacha

- Cinntigh go bhfuil siad comhsheasmhach agus taispeáin freastal linbh do chóras iomlán.

- Nuair a choimeádtar taifid leictreonacha, **caithfidh** an tSeirbhís ELC a bheith in ann tuairiscí seachtainiúla/míosúla a sholáthar do leanaí aonair ina dtaispeántar a leibhéal freastail don chóras go dtí seo. Moltar go gcuirtear na tuairiscí seo i dtoll a chéile go rialta agus go gcuirtear ar fáil iad ar mhaithe le cuspóirí comhlíonta.
- Cinntigh go bhfuil an pasfhocal ar láimh agus go dtuigeann ball foirne conas an t-eolas a fháil ón gcóras.

## Cartlannú

Caithfear taifid freastail/ leabhair rolla a choimeád, faoi mar a dtugtar cuntas air sa cháipéis seo Rialacha an DCEDIY do Chlár ECCE, i.e. ar feadh tréimhse íosta seacht mbliana ó dháta éagtha Chomhaontú Cistithe ECCE 2021/22.

*Fíor 1 Taifead Freastail Linbh Samplach*

| **Ainm an tSeomra: XY1** | | | **TAIFEAD FREASTAIL LINBH SAMPLACH** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ainm(neacha) na Foirne:** | | | | | | | | | | |
| **Seachtain Dar críoch Dé hAoine:** /_ /_ | **Dé Luain** | | **Dé Máirt** | | **Dé Céadaoin** | | **Déardaoin** | | **Dé hAoine** | |
| **Ainm an Linbh** | **Am Teachta** | **Am Imeachta** | **Am Teachta** | **Am Imeachta** | **Am Teachta** | **Am Imeachta** | **Am Teachta** | **Am Imeachta** | **Am Teachta** | **Am Imeachta** |
| Leanbh A | 9:03 | 12:00 | 9:00 | 12:01 | 8:59 | 12:00 | 9:00 | 12:02 | 9:01 | 12:05 |
| Leanbh B | 9:00 | 12:00 | Níl sé/sí le bheith i láthair de réir an sceidil | Níl sé/sí le bheith i láthair de réir an sceidil | 9:00 | 12:02 | 9:00 | 12:00 | 9:00 | 12:01 |
| Leanbh C | 8:55 | 12:05 | 8:59 | 12:00 | As láthair | As láthair | As láthair | As láthair | 9:00 | 12:05 |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |

| Seomra: | | | TAIFEAD FREASTAIL FOIRNE SAMPLACH | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An tSeachtain dar Críoch: /_ /_ | Dé Luain | | Dé Máirt | | Dé Céadaoin | | Déardaoin | | Dé hAoine | |
| Ainm an Bhaill Foirne: | Am Tosaigh: | Am Críochnaithe: | Am Tosaigh: | Am Críochnaithe: | Am Tosaigh: | Am Críochnaithe: | Am Tosaigh: | Am Críochnaithe: | Am Tosaigh: | Am Críochnaithe: |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |